

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020



Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Átha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie



Clár

2	Tuairisc an Choimisinéara
6	Struchtúr agus Ról na hEagraíochta
11	Straitéis an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid
13	Tuairisc an Phríomhchigire Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhghoirmeacht
22	Tuairisc an Phríomhchigire Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú
32	Tuairisc an Phríomhchigire Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta
35	Tuairisc an Cheannaire Rialachais Chorporáidigh
39	Tuairisc an Phríomhchigire Rialáil Iarnróid
42	Tuairisc Chuimsitheach an Choimisinéara don Aire
45	Aguisíní

TUAIRISC AN CHOIMISINÉARA



Chuig an Aire Eamon Ryan,
An tAire Iompair

A Aire,

Tá sé ina údar áthais don Choimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI) a thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2020 a chur faoi do bhráid.

Bhíothas ag súil leis gur bliain dhúshlánach a bheadh roimh an CRI in 2020. B'amhlaidh sin mar gheall ar an mBreatimeacht agus ar cheanglais an Cheathrú Pacáiste Iarnróid a bheith ag teacht i bhfeidhm agus na Treoracha Eorpacha ábhartha á dtrasuíomh. Ó mhí an Mhárta áfach, tháinig dúshlán breise chun cinn nárbh fhéidir a thuar ó thaobh phaindéim COVID-19. Ar dtús i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla 2020 seo, caithfidh mé aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do dhiongbháilteacht leanúnach fhoireann an Choimisiúin lenar cinntíodh gurbh fhéidir linn leanúint ar aghaidh lenár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, agus faisnéis sláinte poiblí agus srianta Rialtais, a cuireadh i ngníomh chun leathadh an víris a rialú, á gcomhlíonadh go hiomlán againn ag an am céanna. D'fhág sin gurbh éigean an timpeallacht oibre a athrú go suntasach, agus an bealach ina ndearnadh ár gcuid oibre. Gabhaim buíochas le gach ball d'fhoireann an CRI agus tugaim aitheantas dá dtiomantas agus dá ndiongbháilteacht leanúnach, agus dá gcuid oibre crua leanúnaí i gcaitheamh bliana a bhí ar leith dúshlánach.

Bhí clár iomlán pleanáilte ag an gCoimisiún le hiomlán na n-acmhainní a bhí riachtanach lena aghaidh in 2020. Mar a tugadh le fios thuas, bhíothas ag súil le fócas ar leith a dhíriú ar dhá réimse in 2020. Ar dtús, d'fhág an Breatimeacht, agus a fhéidearthacht go n-imeodh an Ríocht Aontaithe (RA) as an AE gan mhargadh, go raibh ar an CRI idirghníomhú le Gnóthas Iarnróid Iarnród Éireann (GI-IE), agus le Translink Iarnród Thuaisceart Éireann (NIR), mar oibreoirí sheirbhís an Enterprise, idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Bhí fúinn a chinntiú, tar éis an Bhreatimeachta, gurbh fhéidir le seirbhís an Enterprise leanúint ar aghaidh le bheith ag oibriú go hiomlán agus creat reachtaíochta ábhartha an AE á chomhlíonadh aici beag beann ar an gcineál imeachta a dhéanfadh an RA as an AE. D'éirigh linn an toradh sin a bhaint amach.

Maidir leis an dara dúshlán, tháinig athrú suntasach i gcreat reachtaíochta an AE lena rialaítear oibriúchán an iarnróid throim, de réir mar a glacadh an Ceathrú Pacáiste Iarnróid, le trasuíomh na dTreoracha buntábhachtacha ábhartha. Cé gurbh í an Roinn Iompair a stiúir an trasuíomh, sholáthair an CRI saineolas teicniúil agus comhairle fhorleathan maidir leis na trasuíomh faoi seach. Rachaidh an reachtaíocht seo i bhfeidhm, sna blianta amach anseo, ar an mbealach lena gcomhlíonann an CRI ról maidir le Measúnacht ar Chomhréireacht, Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Maoirseacht agus rachaidh sí i bhfeidhm ar Ghnóthais Iarnróid agus ar Bhainisteoir Bonneagair Iarnróid Éireann (BB-IE) freisin.

Tugtar mionsonraí faoi raon iomlán na freagrachta atá ar an CRI faoin gcuid maidir le Ról an Choimisiúin den tuarascáil seo agus áirítear freagrachtaí breise léi anois bunaithe ar na trasuíomh nua chomh maith leis na Rialacháin maidir le Cábla-Bhealaí a tháinig i bhfeidhm i rith na bliana.

Chomhlíon an CRI a chuid freagrachtaí buntábhachtacha ar fad i réimsí na measúnachta ar chomhréireacht, údarú le cur i mbun seirbhíse, ceadúnú gnóthas, ceadúnú tiománaithe traenach, maoirseacht, forfheidhmiú agus monatóireacht ar an gConradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair leis an Aire. Dírítear na freagrachtaí buntábhachtacha sin ar oibriúchán leanúnach sábháilte an líonra iarnróid agus tram sa Stát a chinntiú.

I ndáil leis an iarnród trom, d'eisigh an CRI 29 litir ghhlactachta faoina fheidhm maidir le húdarú le cur i mbun seirbhíse, a bhain le fochórais, bonneagar, comharthaíocht agus rothstoc.

Rud atá ina ábhar suntas leis seo is ea an chéim maidir le dearadh tosaigh an Ionaid Náisiúnta um Rialú Traenacha atá á thógáil ag Stáisiún Heuston, agus oibriúchán eatramhach an Chórais Tacaíochta maidir le Cinntí ag crosairí comhréidhe a oibríonn úsáideoirí. Rud eile atá ina ábhar suntas is ea eisiúint an cheadaithe le haghaidh oibriúchán lánseirbhíse i mí na Nollag lenar tugadh Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach de chuid BB-IE i gcrích.

I réimse an iarnróid éadroim, údaraíodh ocht dtram LUAS 502 nua lena dtástáil, le haghaidh oibriúcháin ar bhonn eatramhach, agus le haghaidh oibriúcháin lánseirbhíse.

Fuair NIR deimhniú sábháilteachta iomlán Chuid A agus B chun oibriú sa Stát, agus gan ach Cuid B riachtanach dó roimhe. Ceanglas ab ea an t-athrú sin chun cur ar a chumas oibriú mar ghnóthas iarnróid laistigh den Stát tar éis an Bhreitheachta.

Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag pleanáil a amlínte measúnachta ar chomhréireacht ionas go leathfar an t-impleacht maidir le hacmhainní don ghníomhaíocht sin chomh cothrom agus is féidir bliain ar bhliain.

Caithfidh ceadúnas bailí tiománaí traenach arna eisiúint ag an CRI a bheith ag tiománaithe traenach agus, in 2020, eisíodh 44 cheadúnas nua do thiománaithe GI-IÉ agus eisíodh 55 cheadúnas breise do thiománaithe NIR. Ceanglas ab ea na ceadúnais NIR arna n-eisiúint mar ullmhúchán le haghaidh an Bhreitheachta.

Rud a bhí ina chuid lárnach lena chinntiú go n-oibrítear na hearnálacha iarnróid throim agus éadroim araon go sábháilte is ea córas maoirseachta éifeachtach éifeachtúil. Chuige sin, tá cothromaíocht forbartha againn maidir le gníomhaíochtaí bunaithe ar iniúcháireachtaí, cigireacht, gníomhaíocht iar-eachtra agus cruinnithe um feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta. Dírítear iad sin ar na haonáin ar fad a rialálaimid, agus is ar bhonn riosca a dháiltear na gníomhartha. Lenár gcur chuige foriomlán, leagtar béim ar thacaíocht, comhairle, spreagadh agus forfheidhmiúchán i gcásanna inar gá.

Tugadh trí iniúcháireacht i gcrích in 2020. Díríodh iad sin ar chóras bainistíochta sábháilteachta BB-IÉ agus ar rialú a roinne nua oibreacha chomh maith le caighdeáin chothabhála maidir le Trealamh na Líne Lastuas (OHLE) agus bainistíocht chonraitheoirí, chomh maith le bainistíocht riosca oibriúcháin ag GI-IÉ. Ní bhfacthas aon chásanna mórchúiseacha nár sáraíodh rialacháin srl. ina leith, agus bhí 6 chás mhionchúiseacha ann nár comhlíonadh rialacháin srl. ina leith a d'fhág gur ghá gníomh i seacht réimse dá bharr. Maidir leis an gcineál iniúcháireachtaí, b'éigean srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19 a chur san áireamh, ach ar an iomlán, fuarthas go rabhtas in ann iniúcháireachtaí éifeachtacha a dhéanamh le hardáin fhíorúla agus teicneolaíocht faisnéise a úsáid chun sonraí a mhalartú, cé gur bhain fráma ama sínte leo.

Cé gurbh éigean fócas roinnt de na cigireachtaí a ath-threorú, rinneadh 77 gcigireacht i rith na bliana i gcomparáid le 66 a bhí pleanáilte. Iarradh Forfheidhmiúchán i bhfoirm Phlean Feabhsúcháin i gcás amháin, tar éis tarlú infhógartha. Maidir le roinnt de na gníomhartha a raibh ar aonáin faoi rialáil tabhairt fúthu, áiríodh athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar chaighdeáin maidir le gléasra/innill bhuntábhachtacha, athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta rialaithe sábháilteachta reatha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheadú an ráitis mhodha agus ar an bpróiseas faisnéisithe.

Leanamar ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh ghníomhartha riachtanacha CRI ag eagraíochtaí iarnróid agus ar chur i ngníomh moltaí ó thaobh na sábháilteachta de chuid an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) lena chinntiú gur tugadh chun clabhsúir iad.

Fuair an CRI ceithre thuairisc imscrúdaithe ón AITI in 2020. Bhí 19 moladh san iomlán sna tuairiscí sin. Dírítear moltaí ó thaobh na sábháilteachta arna ndéanamh ag an AITI ar an/ná heagraíocht/aí iarnróid atá i gceist, agus seoltar chuig an CRI iad mar an údarás a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na moltaí sin.

In 2020, fuair an CRI 40 uiríoll a bhain le cúrsaí bonneagair agus oibriúcháin éagsúla ar na hiarnróid throma agus éadroma agus tugadh aird orthu ar fad. B'ísle an figiúr in 2020 i gcomparáid le líon na n-uiríoll a fuarthas in 2019 agus bheifí ag súil leis sin toisc gur laghdaíodh líon na bpaisinéirí go suntasach mar gheall ar COVID-19 agus ar shrianta taistil ghaolmhara a bhí i bhfeidhm ar feadh chuid mhaith den bhliain.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí iarnróid tuairisc bhliantúil sábháilteachta a chur faoi bhráid an CRI faoin 30ú Meitheamh gach bliain maidir leis an mbliain roimhe. Soláthraítear sonraí a bhaineann le sábháilteacht le haghaidh 2020 atá ar fáil faoi láthair laistigh den tuarascáil bhliantúil seo. Foilsíonn an CRI a Thuairisc iomlán faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid ar leithligh i sa cheathrú deiridh de gach bliana. Foilsíodh an tuarascáil iomlán i gcomhair 2019 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI ([Tuarascáil Feidhmíochta ó thaobh na Sábháilteachta 2019](#)).

Is é an CRI an comhlacht monatóireachta neamhspleách don Chonradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair (IMMAC) idir BB-IÉ agus an Aire. Ba í 2020 an chéad bhliain den IMMAC nua 2020 – 2024 agus chomhlíon an CRI a dhualgais tuairisceoireachta ar fad ar aon dul le ceanglais an chonartha nua.

Roghnaigh Éire, mar aon le roinnt ballstát eile, dáta Mheitheamh 2020 chun an Treoir Sábháilteachta Iarnróid AE 2016/798 agus an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht AE 2016/797 a thrasuíomh. Chuir an Coimisiún Eorpach síneadh leis an dáta sin go dtí Meán Fómhair 2020 mar gheall ar thionchar COVID-19. Sholáthair an CRI cúnamh forleathan don Roinn maidir leis na Treoracha buntábhachtacha sin a thrasuíomh. Le trasuíomh na dtreoracha sin, tugtar athruithe buntábhachtacha i bhfeidhm ar rialáil an Líonra Iarnróid Eorpaigh, agus ceanglaítear ar an CRI a phróisis threoracha agus inmheánacha a leasú i réimsí éagsúla lena n-áirítear measúnacht ar chomhréireacht agus údarú feithiclí.

Ba é €2.223m an maoiniúchán iomlán d'fheidhmeanna an Choimisiúin in 2020. Faigheann an Coimisiún formhór a chuid maoiniúcháin tríd an tobhach bliantúil a chuireann sé ar na haonáin atá faoi réir rialála (€1.714m) agus faightear an iarmhéid mar Dheontas i gCabhair ón Roinn Iompair (€0.509m). Leithdháiltear an tobhach ar bhonn leibhéal na gníomhaíochta nach mór don CRI a dhéanamh le gach aonán faoi rialáil chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Gearrtar táillí breise ar roinnt gníomhaíochtaí cosúil le ceadúnú tiománaithe traenach freisin.

Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglas an Chóid Chleachtais athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, agus áirítear an Tuairisc Chuimsitheach don Aire, mar a éilítear leis an gCód Cleachtais, mar chuid ar leithligh sa tuarascáil seo.

Lorg and fuair an CRI, mar chuid dá athbhreithniú leanúnach ar acmhainní chun a shainordú a chomhlíonadh mar an Údarás Náisiúnta Sábháilteachta agus an Rialálaí Náisiúnta, ceadú le haghaidh beirte ball foirne ionadaíocha. Tá 17 mball foirne ceadaithe don CRI agus ag deireadh 2020, ba é 15 líon ár bhfoirne. Is é taithí an CRI agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, go bhfuil ardéileamh ann ar innealtóirí, arb iad a dhéanann formhór fhoireann an CRI, agus mar sin, agus mar sin, baineann dúshlán fós le baill foirne a choinneáil agus a earcú.


Timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach atá roimh an CRI faoi láthair agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin, agus tá athruithe suntasacha roimhe freisin. Roinnt fachtóirí atá á stiúradh sin, lena n-áirítear paidéim COVID-19 mar an dúshlán is déanaí chomh maith leis an neamhchinnteacht agus na srianta a thugtar isteach leis mar aon le tabhairt isteach an cheathrú pacáiste iarnróid agus an breisiú suntasach atá beartaithe a dhéanamh ar an iompar poiblí, go háirithe i réimsí an iarnróid throim agus éadroim. Tá na forbairtí sin, lena n-áirítear na forbairtí a léirítear i bPlean Náisiúnta Forbartha an Rialtais agus an fás a shamhlaítear i dTionscadal Éireann 2040 ag dul i bhfeidhm ar obair an CRI cheana féin. Leanfaimid ar aghaidh le bheith ag déanamh ár ndíchill chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar fad agus a chinntiú go leanfaidh an CRI, mar an údarás náisiúnta sábháilteachta agus an rialálaí náisiúnta iarnróid, ar aghaidh le bheith ag oibriú leis an earnáil agus leis na páirtithe leasmhara, chun iompar iarnróid sábháilte inbhuanaithe a chinntiú lena bhfreastalaítear ar riachtanais ár sochaí.

Brian Higginson
Coimsinéir

STRUCHTÚR AGUS RÓL NA hEAGRAÍOCHTA



Foireann Bainisteoireachta agus struchtúr na heagraíochta



Brian Higginson
Coimisinéir



Mary Molloy
Príomhchigire
Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht



Anthony Byrne
Príomhchigire
Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú



Donal Casey
Príomhchigire
Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta



Caitríona Keenahan
Ceannaire Rialachais
Chorparáidigh agus Rialála

Cigire	Cigire	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Cigire	Cigire	Oifigeach Feidhmiúcháin
Cigire	Cigire	
Cigire	Cigire	
	Cigire	
	Cigire	

Ról an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (RSA) 2005. Ó bunaíodh é, tugadh raon feidhmeanna dó bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach araon.

Faoi RSA 2005, tá trí phríomhfheidhm ag an CRI: (a) sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh; (b) an tAcht agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú; agus (c) tionóiscí iarnróid a imscrúdú agus a thuairisciú. Baineann na feidhmeanna sin le hiarnród trom agus éadrom araon.

Baineann na freagrachtaí atá ar an CRI faoi reachtaíocht le trí réimse shonracha, iarnród trom, iarnród éadrom agus cábla-bhealaí. Tagraíonn iarnród trom do líonra BB-IE agus do na Gnóthais Iarnróid a oibrítear air. Déantar iarnród trom a rialáil trí Acht 2005 agus reachtaíocht an AE araon. Tagraíonn iarnród éadrom do chóras iarnróid LUAS i mBaile Átha Cliath agus déantar é a rialáil le hAcht 2005, agus déantar cábla-bhealaí a rialáil trí reachtaíocht an AE.

Iarnród trom agus éadrom

Coimisiún

Leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid Uimh 31 de 2005 (arna leasú), bunaíodh an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid (an CRI anois). Tugadh trí phríomhfheidhm, mar a léirítear thuas, don CRI, leis an Acht, a bhaineann le hiarnród trom, iarnród éadrom agus mearchórais iarnróid cathrach agus na cumhachtaí chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

I ndáil le forfheidhmiú an Achta maidir le hiarnród trom, ba chóir a thabhairt faoi deara go gcumhdaítear eisiúint deimhnithe sábháilteachta agus údarú le suiteálacha seasta agus feithiclí a chur i mbun seirbhíse le reachtaíocht Eorpach anois (féach thíos). Maidir le hiarnród éadrom, measúnaíonn an CRI na córais bhainistíochta sábháilteachta agus eisiúint deimhnithe sábháilteachta a éilítear chun oibriú faoi Acht 2005. Lena chois sin, tugtar faoi mheasúnú ar oibreacha nua agus rothstoc agus glacadh le hoibreacha nua agus rothstoc faoi Acht 2005 freisin.

Iarnród trom

Údarás Náisiúnta Sábháilteachta

Le Rialachán IR 476 AE (Sábháilteacht Iarnróid) 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir Sábháilteachta Iarnróid) agus bunaítear an CRI faoi sin mar an údarás náisiúnta sábháilteachta sa Stát. Is amhlaidh sin chun comhlíonadh na Treorach agus na Rialachán sin a chinntiú, lena n-áirítear deimhniú bainistíochta sábháilteachta agus údarú, cothabháil feithiclí, maoirseacht agus forfheidhmiúchán.

Le Rialachán IR 477 AE (Idir-Inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht) agus bunaítear an CRI faoi sin mar an údarás náisiúnta sábháilteachta is inniúil don chóras iarnróid sa Stát chun críocha na Treorach agus na Rialachán sin lena n-áirítear cur i ngníomh ceart na Sonraíochta Teicniúla maidir le hIdir-Inoibritheacht (TSI), ag cur comhábhar idir-inoibritheachta agus fochórais sho-ghluaiste ar an margadh, údarú suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse, cothabháil an chláir náisiúnta feithiclí agus forfheidhmiúchán.

Comhlacht deimhniúcháin d'Aonáin atá i gCeannas ar Chothabháil (ECM)

Le IR 476 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir Sábháilteachta Iarnróid) agus bunaítear an CRI faoi sin mar an comhlacht deimhniúcháin ECM. Déantar deimhniú ar aon dul le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún lena leagtar síos forálacha mionsonraithe ar chóras deimhnithe ECManna.

Comhlacht Rialála

Le Rialachán IR 249 AE (Rialáil Iarnróid) 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 maidir le limistéar Eorpach iarnróid aonair agus bunaíodh an CRI mar an comhlacht rialála chun críocha achomharc nó gearán a bhaineann le hacmhainn an bhonneagair, muirir rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

Comhlacht monatóireachta neamhspleách

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 agus bunaíodh an CRI mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir BB-IÉ agus an Aire mar an údarás inniúil, lena n-áirítear monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair, eadránú a dhéanamh i gcás díospóide, an córas monatóireachta ar fheidhmíocht a cheadú, agus tuairisciú chuig an Aire ar a mmonatóireacht ar fheidhmíocht.

Údarás ceadúnúcháin

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 agus bunaíodh an CRI mar an údarás ceadúnúcháin chun iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus ceadúnais a eisiúint chuig gnóthais iarnróid.

Údarás inniúil

Le Rialachán IR 399 AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010 tugtar éifeacht do Threoir 2007/59/CE ón gComhairle maidir le deimhniú tiománaithe traenach a oibríonn gluaisteoirí agus traenacha ar an gcóras iarnróid sa Chomhphobal agus bunaíodh an CRI mar an údarás inniúil chun iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus ceadúnais a eisiúint do thiománaithe traenach, agus ionaid oiliúna agus scrúdaithe a aithint.

Le Rialachán IR 651 CE (Iompar Earraí Contúirteacha d'Iarnróid) 2010 (arna leasú) tugtar éifeacht do Threoir 2008/68/CE ón gComhairle (arna leasú) maidir le hearraí contúirteacha a iompar ar bhonn intíre agus bunaíodh an CRI mar an údarás inniúil chun comhlíonadh na Rialachán a bhaineann le hiompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnróid (RID) a chinntiú.

DeBoanna a aithint

Le IR 477 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht) agus bunaíodh an CRI faoi sin ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 mar an eagraíocht atá freagrach as DeBonna a aithint sa Stát.

Cábala-Bhealaí**Comhlacht údarúcháin**

Le Rialachán IR 543 AE (Suiteálacha Cábla-Bhealaigh) 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus bunaíodh an CRI mar an comhlacht sa Stát chun tógáil nó modhnú agus dul i mbun seirbhíse suiteálacha cábla-bhealaigh a údarú.

Údarás faireacháin ar an margadh

Le IR 543 de 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus bunaíodh an CRI mar an údarás faireacháin ar an margadh le haghaidh fochóras agus comhábhar cábla-bhealaigh.

Aonáin iarnróid faoi réir rialála

Bhí na haonáin seo a leanas faoi réir a rialála ag an CRI in 2020:

- Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair
- Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid
- Transdev (Oibreoir LUAS)
- Eagraíocht Iarnróid
- Rhomberg Sersa Ireland Teoranta
- Translink, Iarnróid Thuaisceart Éireann – Gnóthas Iarnróid Bonneagar Iompair Éireann
- Bord na Móna
- Belmont Grand Hibernian
- Railway Preservation Society of Ireland – Gnóthas Iarnróid
- Iarnróid Oidhreacht.

Líon na bpaisinéirí

Mar gheall ar shrianta COVID-19, tugadh teorainneacha 50% agus 25% isteach ar acmhainn an iompair phoiblí laistigh de leibhéal dhifriúla na srianta. Ní éascóidh figiúir 2020 le hanailís ar threochtaí maidir le húsáid iompair phoiblí mar sin sa tréimhse idir an gearrthéarma agus an meántéarma.

STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID



Tagann tuarascáil bhliantúil 2020 an CRI 2020 i gcomhthráth leis an mbliain deiridh dá Ráiteas Straitéise reatha (2019 – 2020) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Cuireadh tús le hobair ar an straitéis nua amach in 2020 agus tá an straitéis nua le cur faoi bhráid an Aire i mí Mheitheamh 2021.

Straitéis reatha

Misean

Tá rún daingean ag an CRI an tsábháilteacht iarnróid a thabhairt ar aghaidh, córais iarnróid ardfheidhmíochta inbhuanaithe a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh agus rochtain chothrom a chinntiú ar ghnáthlónra iarnróid na hÉirinn in Éirinn tríd an rialáil, monatóireacht, spreagadh agus cur chun cinn.

Fís

Iarnróid a sheachadann go sábháilte.

Tosaíocht 1

Feabhsú leanúnach a chinntiú ar fheidhmíocht na gcóras iarnróid troim agus éadroim ó thaobh na sábháilteachta

Tosaíocht 2

Monatóireacht éifeachtach a bhaineann le bonneagar iarnróid, rochtain agus ceanglas ceadúnúcháin limistéir an líonra aonair Eorpaigh area.

Tosaíocht 3

Tacú le tionscnaimh bheartais an rialtais um iompar poiblí a dhírítear ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí líonraí agus sheirbhísí iompair iarnróid sábháilte, inbhuanaithe agus iomaíocha.

Tosaíocht 4

Cinntiú go mbeidh feasacht agus tuiscint ag an tionscal ar athruithe atá ag teacht ar thimpeallacht na Rialála iarnróid náisiúnta agus Eorpaí.

Tosaíocht 5

Bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta a sheachadann cáilíocht agus luach sa mhéid a dhéanaimid.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE ÚDARÚ LE CUR I mBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMH- FHOIRMEACHT



Údarú le Cur i mbun Seirbhíse (APIS)

Tá an ceanglas go bhfeidhmeoidh an CRI Údarú le Cur i mBun Seirbhíse ar chórais iarnróid bunaithe ar reachtaíocht de chuid an AE agus ar Reachtaíocht Náisiúnta. Is iad seo príomhcheanglais dlíthiúil an AE, an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht (EU) 2016/797, an Treoir Sábháilteachta Iarnróid (AE) 2016/798, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le feithiclí a údarú agus an comh-mhodh sábháilteachta don mheastóireacht agus don mheasúnacht ar rioscaí AE/402/2013. Rialaítear ceanglais náisiúnta leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Is infheidhme ceanglais náisiúnta agus an AE maidir leis an gcóras iarnróid trom ach ní infheidhme ach ceanglais náisiúnta maidir le córas iarnróid éadroim LUAS.

Réamhriachtanas i gcomhair APIS is ea na ceanglais bhunriachtanacha a chomhlíonadh faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III (AE) 2016/797. Is é seo a leanas atá mar bhonn agus mar thaca le ceanglais an CRI: I.S. EN 50126 – feidhmeanna iarnróid – sonrú agus léiriú na hiontaofachta, na hinfhaighteachta, na cothabháltachta agus na sábháilteachta. Bainistítear sin trí chóras an tsaoil ar a dtugtar an V-timthriall. Gabhann dhá thimthriall déag leis an V-timthriall: i) Coincheap, ii) Sainmhíniú Córais agus Coinníollacha a Fheidhmithe, iii) Anailís ar Rioscaí, iv) Riachtanais Sábháilteachta, v) Cionroinnt Riachtanais an Chórais, vi) Dearadh agus Cur i nGníomh, vii) Déantúsaíocht, viii) Suiteáil, ix) Bailíochtú an Chórais, x) Glacadh leis an gCóras, xi) Oibriú agus Cothabháil agus xii) Dí-choimisiúnú. Deartar treoir RSC-G-009 agus RSC-G-032 de chuid an CRI timpeall an V-timthrialla agus gabhann sé Chéim leo. Is iad seo a leanas iad.

Céim 1

Coincheap (V-timthriall i);

Céim 2

Dearadh Tosaigh (V- timthriall ii agus iii);

Céim 3

Dearadh Mionsonraithe (V- timthriall iv, v, vi agus vii);

Céim 4

Tástáil (V- timthriall viii agus ix);

Céim 5

Oibriú Eatramhach (V- timthriall x, xi agus xii)*;

Céim 6

Oibriú Seirbhíse (V- timthriall x, xi agus xii).

*Céim is ea Céim Oibriú Eatramhach a 5 nuair a bhíonn sábháilteacht córais cruthaithe chun oibriú ach nach bhfuil an fhianaise ar fad maidir leis na ceanglais shainráite agus an páipéarachas riaracháin gaolmhar ar fáil.

APIS – Bonneagar

LUAS Traschathrach (LCC)

Oibríodh an LCC i rith 2020 faoi cheadú Litir Ghlachthachta (oibriú eatramhach) Chéim 5. Tá aon choinníoll amháin fós gan chomhlíonadh maidir le litir ghlachthachta chéim 5, a bhaineann le ballaí coinneála iarnród Lár na Tíre agus Mhóiriarnród an Iarthair ag Baile Phib. I rith 2019, mar sin, lean an CRI ar aghaidh le bheith ag obair le Bonneagar Iompair Éireann chun bearta buana a chomhaontú maidir le cothabháil agus monatóireacht leanúnach ar na ballaí sin.

Droichid/ardáin/stáisiúin/crosairí comhréidhe

In 2020 d'eisigh an CRI sé litir ghlachthachta déag chuig Bainisteoir Bonneagair-IÉ i ndáil le tionscadail nua droichead, ardán agus stáisiún tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a n-iarratas.

Áiríodh iad seo a leanas leis na tionscadail sin:

Litreacha glachthachta i gcomhair Chéim 3 (dearadh mionsonraithe) mar seo a leanas:

- Dhá thardhroichead nua mar chuid de scéim bhóthair Acomhal Dhún Citil;
- Tardhroichead nua mar chuid de Scéim Cosanta Inis Córthaidh i gCoinne Tuilte;
- Tardhroichead ionaid mar chuid de Scéim Sheachbhóthair Chill Dalua;
- Tardhroichead nua mar chuid de Scéim Bhóthar Dáileacháin Ongar-Chnoc an Sciobóil (Líne Chluain Saileach chuig Páircbhealach an M3);
- Tardhroichead nua mar chuid de Bhóthar Dáileacháin an Deiscirt Bhaile Átha Í;
- Tardhroichead nua do choisithe le hardaitheoirí ag stáisiún Mheathas Troim;
- Uasdátú ar an litir a eisíodh le haghaidh tardhroichid nua do choisithe le hardaitheoirí ag stáisiún Cheatharlach tar éis athraithe ar an dearadh;
- Tardhroichead nua os cionn Bhóthar Alexandra ag Calafort Bhaile Átha Cliath le haghaidh Comhlacht Chalafort Átha Cliath.

Litreacha glachthachta i gcomhair Chéim 5 (oibriú eatramhach) mar seo a leanas:

- Trí shíneadh i gcomhair na litreacha don fhodhroichead iarnróid nua ar líne Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe ag 77 míle 1,370 slat. Bhíodas ag súil le hiarratas chéim 6 i rith 2020 ach cuireadh moill air mar gheall ar mhoilleanna breise le dul chun cinn mar gheall ar COVID-19;
- Síneadh leis an litir don ardán nua ag Acomhal Luimhnigh lenar áiríodh tardhroichead do choisithe le hardaitheoirí;
- Tardhroichead nua do choisithe/rothaithe mar chuid de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga;
- Tardhroichead nua do choisithe ar líne Chorcaí go Mainistir na Corann mar chuid de scéim Acomhal Dhún Citil.

Litreacha glachthachta i gcomhair Chéim 6 (seirbhís) mar seo a leanas:

- Fodhroichead nua ar líne Bhaile Átha Cliath go Corcaigh mar chuid den chomhscéim maidir le hAcomhal M7 Bhaile an Oibricigh agus sheachbhealach R407 na Sollán.

Ionad Náisiúnta um Rialú Traenacha (NTCC)

Soláthróidh an NTCC córas bainistíochta tráchtá nua-aimseartha, modúlach agus rachaidh sé in ionad an ionaid reatha Lárnaigh um Rialú Tráchtá a n-úsáidtear iomlán a acmhainne faoi láthair. Déanfar an t-ionad um rialú crosairí comhréidhe a lánpháirtiú ina chuid den NTCC, agus beidh spreagthóir comharthaíochta ann chomh maith le hionad um rialú tríú páirtithe freisin. Eisíodh litir ghlacthachta choincheapa in 2016. Ag deireadh 2019, chuir BB-IÉ dearadh tosaigh faoi bhráid an CRI agus eisíodh litir ghlacthachta Chéim 2 i mí Feabhra.

Córas Tacaíochta maidir le Cinntí ag Crosairí Comhréidhe a Oibríonn Úsáideoirí

Tá an Córas Tacaíochta maidir le Cinntí ag Crosairí Comhréidhe a Oibríonn Úsáideoirí comhdhéanta de shraith soilse táscaire a nasctar le brathadóirí traenach a chuirtear ar an raon chun traein, atá ag teannadh leis an gcrosaire comhréidh, a bhrath. Tabharfar rabhadh don úsáideoir ansin. I rith 2020, shuiteáil BB-IÉ an córas tacaíochta nua seo maidir le cinntí ag ocht gcrosaire chomhréidhe. Coimisiúnaíodh iad agus cuireadh i mbun oibriúcháin iad tar éis don CRI litreacha glacthachta eatramhacha oibriúcháin chéim 5 a eisiúint.

APIS – Comharthaíocht agus teileachumarsáid

Córas Uilíoch don Chumarsáid So-Ghluaiste – Iarnród (GSM-R) Céim 1

Tar éis ceadú iomlán a bheith tugtha in 2019 maidir le córas raidió GSM-R le haghaidh Chéim 1, fhlít an DART agus limistéar DART, rinne BB-IÉ iarratas chéim 3 maidir le suiteálacha seasta chuig an CRI le haghaidh Céimeanna 2 agus 3 (an chuid eile den líonra) i mí Mheitheamh 2020. Cuireadh iarratas athbhreithnithe faoina bhráid i mí Lúnasa. Tar éis athbhreithniú iomlán, tháinig an CRI ar an gconclúid i mí na Nollag go bhféadfaí litir ghlacthachta chéim 3 a eisiúint i mí Eanáir 2021.

Córas Cosanta Traenach Iarnród Éireann (TPS)

Rachaidh an TPSS (ar tugadh córas cosanta traenach IEHS air roimhe) in ionad an chórais rabhaidh uathoibríoch leanúnaigh agus an chórais uathoibríoch cosanta traenach atá ann cheana. Suiteálfar an chéad chuid de bhonneagar agus trí chineál feithiclí mar chuid den tionscadal ar dtús, chomh maith le dearadh na réamhshamhla agus trealamh gaolmhar na raonta. Céim a dhéanfar níos déanaí is ea iad a chur i bhfeidhm trasna an líonra ar fad. Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag idirghníomhú le BB-IÉ i rith 2020 maidir leis an tionscadal seo. I rith 2020, lean painéal saineolaithe ó BB-IÉ agus ón CRI ar aghaidh leis an obair chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le sraith de Chaighdeáin Iarnróid na hÉireann a dhréachtú maidir le ceanglais do chórais chomharthaíochta aicme B sa Stát. Riachtanais tosaigh is ea é sin go mbeifear in ann dearadh an táirge a fhorbairt a thuilleadh. D'fhoilsigh an CRI an chéad leagan (raon feidhme teoranta) de shraith Chaighdeáin Iarnróid na hÉireann le haghaidh chóras comharthaíochta aicme B in 2020.

Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach (CCRP)

Leis an CCRP, foráiltear maidir le hidirachair chomharthaíochta laghdaithe (an t-am idir dhá thraein ag dul thar an áit chéanna ar líne iarnróid agus próifil luasa sainithe i gceist) agus maidir le seirbhís breise amach anseo i Lár na Cathrach agus i gconaire na Líne Thuaidh. Tugadh ceadú iomlán do na limistéir idir Mullach Íde/Binn Éadair chuig Cill Easra agus Sráid na Teamhrach chuig Dumhach Thrá in 2018. Freisin, in 2018, fuair an limistéar idir Cill Easra agus Acomhal an Phoirt Thoir litir ghlacthachta Chéim 2 agus fuair limistéar stáisiún Uí Chonghaile litir ghlacthachta Chéim 3.

In 2020, tar éis iarratas ó BB-IÉ i mí Aibreáin, eisíodh litir ghhlacthachta Chéim 3 don limistéar i idir Cill Easra agus Acomhail an Phoirt Thoir. I mí Mheáin Fómhair, rinne BB-IÉ iarratas Chéim 4/5 don limistéar idir Cill Easra agus Acomhal an Phoirt Thoir agus limistéar stáisiún Uí Chonghaile. Eisíodh litir ghhlacthachta Chéim 4/5 i mí Dheireadh Fómhair. Tharla coimisiúnú amach i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna. Tar éis clabhsúr a bheith curtha le saincheistean a tháinig anuas i rith mheasúnacht riosca an choimisiúnaithe agus na monatóireachta leanúnaí iar-choimisiúnaithe, eisíodh céim 6 (seirbhís/oibriúchán iomlán) i mí na Nollag.

APIS – Rothstoc

Iarnród Éireann – Aonaid bhreise

Iolracha Díosail Idirchathrach d'Aicme 22000 (ICDMU)

Táthar ag súil leis, mar gheall ar an gclár chun an DART a leathnú, go gcaithfear acmhainn iompair fhlít reatha na nAonad Iolrach Díosail Idirchathrach 22000 a mhéadú. Tá GI-IÉ i mbun an phróisis le 41 Aonad bhreise a cheannach, ar a dtugtar carranna B2.

Beidh carranna B2 bunaithe ar dhearadh charr B1 atá ann cheana agus déanfar iad a oiriúnú go náireofar athruithe innealtóireachta riachtanacha a tháinig de bharr oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann le hastaíochtaí sceite agus roghanna malartacha oiriúnacha a sholáthar maidir le trealamh agus ábhar seanchaite nó trealamh agus ábhar nach bhfuil ar fáil. Déanfar modhnuithe inmheánacha chun an acmhainn iompair a mhéadú agus úsáidfear iad chun cumraíochtaí reatha na gceithre agus na gcóig charr a mhéadú don fhlít seo go cumraíochtaí chúig agus shé charr. Tar éis iarratais ón GI-IÉ i mí Mheithimh agus iarratas uasdátaithe i mí Lúnasa, d'eisigh an CRI litir ghhlacthachta chéim 1 (coincheap) i mí Lúnasa.

I ndáil leis an tionscadal seo, tá aighneacht curtha faoi bhráid an CRI ag GI-IÉ maidir le neamhfheidhmiú TSlanna i leith charranna B2 faoi Airteagal 7 de (AE) 2016/797 agus IR 477 de 2020 i mí na Nollag. Tá an CRI i mbun an phróisis leis an aighneacht maidir le neamhfheidhmiú a chur i gcomparáid leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme: Treoir (AE) 2016/797, Rialachán (AE) 2018/545 agus Rialachán (AE) 2020/424. Nuair a bheidh an anailís sin críochnaithe, cuirfidh an CRI an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena bhreithniú i gcomhréir le Rialachán 7 (1) (4) de IR 477 de 2020.

Tramanna 502 LUAS

Sholáthair TII ocht dtram nua 502 ar a dtugtar tram athrúcháin CITADIS 502. Is ionann tram athrúcháin CITADIS 502 maidir le gach gné leis na Tramanna nua CITADIS 502 a bhfuil údarú iomlán faighte acu, gan ach dhá eisceacht bheaga : i) frithsheasmhacht níos fearr san urlár maidir le sleamhnú; agus ii) tá suíochán oiliúnóra tiománaí i gcabán an tiománaí.

Tar éis iarratas ó oibreoir Transdev, eisíodh litreacha glacthachta chéim 5 (oibriú eatramhach) i mí Iúil agus Lúnasa agus eisíodh litir ghhlacthachta chéim 6 i mí Dheireadh Fómhair lenar ceadaíodh oibriúchán seirbhíse iomláine.

Iarnróid oidhreachta

Iarnród Loch Dhuibhlinne

Rinne Iarnród Loch Dhuibhlinne iarratas Chéim 6 maidir le húdarú feithicle dá Ghluaisteoir Uimh. 10 (Bishop Twysden) agus eisíodh litir ghlacthachta i mí an Mhárta 2020.

Iarnród an Chabháin agus Liatroma

Rinne Iarnród an Chabháin agus Liatroma aighneachtaí go nglacfaí le dhá ghluaisteoir, gluaisteoir gaile (Nancy) agus gluaisteoir díosail Ruston (LM114). Sholáthair an CRI saineolaí um ghluaisteoirí gaile chun tacú leis an measúnacht ar an ngluaisteoir gaile. Chuir Iarnród an Chabháin agus Liatroma in iúl don CRI dá éis sin nach mbeidís oscailte go ceann i bhfad ar feithimh mholtaí an Rialtais maidir le COVID-19. Tá measúnú na naighneachtaí sin curtha ar an méar fhada faoi láthair.

Iarnród Chonamara

Tionscadal oidhreachta is ea athbheochan Iarnród Chonamara a bhfuil sé i gceist leis seanláithreán stáisiún an Tí Dhóite a athfhorbairt. Tá sé i gceist leis an obair i) raonta iarnróid a leagan síos an athuair ar feadh thart faoi 400 méadar de leaba raonta atá ar fáil, ii) na hardáin a athchóiriú, iii) an cábán comharthaíochta a atógáil, agus iv) an Stóras Earraí a athchóiriú. Chomhairligh an CRI don tionscadal maidir leis an ngá le ceaduithe le haghaidh na n-oibreacha sin agus éascóidh sé leo siúd in am trátha. Chomhairligh an CRI freisin go mbeidh CBS ceadaithe riachtanach don Iarnród oidhreachta chun oibriú chomh maith le húdarú d'aon rothstoc ar mian leo a úsáid.

Féach Aguisín 1 le haghaidh tábla maidir leis na litreacha glacthachta ar fad a d'eisigh an CRI in 2020.

Caighdeáin Iarnróid na hÉireann (IRSanna)

Tá dea-chleachtas tionscail agus/nó Rialacha Náisiúnta (NRanna) i gCaighdeáin Iarnróid na hÉireann (IRSanna) maidir le teicneolaíocht a bhaineann go sonrach le córas iarnróid na hÉireann, rud nach bhfuil i gcaighdeáin nó i reachtaíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta eile. Féadfar IRSanna a úsáid laistigh dá raon feidhme mar mheán náisiúnta inghlactha maidir le rialacháin srl. a chomhlíonadh. Forbraítear agus déantar IRSanna a chothabháil le rannphairtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar fad. Foilsíonn an CRI IRSanna ar a shuíomh gréasáin thar ceann thionscal iarnróid na hÉireann. I gcás ina n-aithnítear NR laistigh de IRS, roimh fhoilsiú, cuirtear an IRS sin ina bhfuil NRanna faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid lena scrúdú. Nuair bheidh comhaontú ón ERA maidir leis an NR/na NRanna, foilsítear ar Bhunachar na nDoiciméad Tagartha (RDD) (<https://rdd.era.europa.eu/rdd/>) agus/nó ar Bhunachar na Rialacha Aonair (SRD) má éilítear sin le hoibríochtaí TSI, TSI-OPE 2019/773.

In 2020, d'fhoilsigh an CRI seacht gCaighdeán Náisiúnta na hÉireann (IRSanna), an chéad eisiúint de IRSanna nua ab ea cúig chinn díobh sin agus uasdátuithe ar IRSanna a bhí ann cheana ab ea dhá cheann. Foilsítear na IRSanna sin ar shuíomh gréasáin an CRI (<https://www.crr.ie/publications/guidelines/>).

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'uaslódáil an CRI, i gcomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, na Rialacha Náisiúnta (NRanna) a bhí laistigh de na seacht IRSanna foilsithe. B'ionann sin agus 184 NR nua. Is féidir na NRanna sin a aimsiú san IRS faoi seach atá le fáil ar shuíomh gréasáin an CRI agus is féidir iad a aimsiú ar shuíomh gréasáin Bhunachar na nDoiciméad Tagartha (RDD) freisin.

Treoirlínte (APIS)

An 3ú Samhain 2020, foilsíodh 'Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Iarnróid) 2020' [I.R. 476] agus 'Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Idir-Inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020' [I.R. 477]. Tugtar éifeacht leis na rialacháin sin do Threoir (AE) 2016/798 agus do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus an CRI ag súil leis na rialacháin nua sin, thug sé faoi uasdátú ar a dhoiciméid threoracha agus tacaíochta chun na hathruithe sin a léiriú.

I rith 2020, d'oibrigh an CRI ar uasdátú a dhréachtú maidir lena Threoirlíne APIS 2020, CRR-G-009. Athainmíodh 'Guideline for the Process of Authorisation for Placing in Service Railway Sub Systems' (CRR-G-009) mar 'Guidance on Application for Authorisation and Application for Acceptance for Heavy Rail Fixed Installations and Vehicles'. Leis an athbheithniú sin, tugtar an treoraíocht cothrom le dáta leis an reachtaíocht nua agus leis sin, soláthraítear treoraíocht agus míniú do thionscal iarnróid na hÉireann maidir le ceanglais dhlíthiúla na hEorpa agus na hÉireann maidir le húdarú agus/nó glacadh trealamh iarnróid throim. Tá an leagan uasdátaithe foilsithe ar shuíomh gréasáin an CRI agus scaiptear ar gach páirtí leasmhar ábhartha é.

Dhréachtaigh an CRI scéim chun aitheantas a thabhairt do Chomhlachtaí Ainmnithe (DeBoanna). De reir na Treorach maidir le hIdir-Inoibritheacht (AE) 2016/797 agus I.R. 477 2020 Airteagal 16(3), is é an CRI an eagraíocht atá freagrach as Aitheantas a thabhairt dó DeBoanna i bPoblacht na hÉireann (IE-DeBo). Rinneadh dul chun cinn maith maidir le treoraíocht CRR-G-053 de chuid an CRI, chomh maith le roinnt doiciméad tacaíochta, i rith 2020. Foilsíodh CRR-G-053 ar shuíomh gréasáin an CRI an 15ú Feabhra 2021. I mí Iúil 2020, rinne an CRI uasdátú ar a 'Guidance for the Drafting, Reviewing, Publishing and Updating of Irish Railway Standards' (CRR-G-031). Cuireadh roinnt feabhsuithe agus soiléirithe leis an uasdátú sin.

Le Treoirlínte CRR-G-016 agus CRR-G-033, aithnítear paraiméadair fhochothasacha a bhaineann le tionscadail iarnróid éadroim. Gineadh na liostuithe paraiméadair sin trí reachtaíocht reatha a bhreithniú, chomh maith le dea-chleachtas tionscail agus eolas saineolach agus tá sé d'aidhm leo formhór na bparaiméadar a bhaineann le gnáthchórais iarnróid éadroim a chumhdach. Rinneadh uasdátú ar an dá threoirlíne i rith 2020 chun paraiméadair maidir le tolláin agus struchtúir faoi thalamh a áireamh i bhfianaise thionscadal Metrolink. Rinneadh uasdátú ar Threoirlíne CRR-G-032 freisin arb é sin a chómhaithe de CRR-G-009 le haghaidh an iarnróid éadroim é.

Aonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM)

Sainordaítear ceanglais maidir le haonán i gceannas ar chothabháil leis an Treoir Sábháilteachta Iarnróid. Caithfidh aonán i gceannas ar chothabháil a bheith sannta do gach feithicil, sula gcuirtear i mbun seirbhíse nó sula n-úsáidtear ar an líonra í, agus i gcás vaigíní lastais, caithfear an t-aonán sin a dheimhniú. Caithfidh ECM deimhnithe cothabháil a dhéanamh ar vaigíní lastais a oibrítear san Eoraip i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 445/2011 ón gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, soláthraíonn an CRI deimhniú agus faireachán bliantúil.

Níor ceanglaíodh ar an CRI tabhairt faoi aon ghnómháocht ECM i rith 2020.

Cábla-Bhealaí

Is é an CRI an tÚdarás Inniúil le haghaidh Cábla-Bhealaí. In 2020 lean an CRI ar aghaidh le bheith i mbun idirghníomhaíochta le Comhairle Contae Chorcaí agus lena cuid ionadaithe maidir le tograí le haghaidh cábla-bhealach nua chun dul in ionad an chábla-bhealaigh reatha lena nasctar Oileán Baoi leis an mórtír. Bhí an idirghníomhaíocht sin i gcomhthéacs fheidhm an CRI a bhaineann le cábla-bhealaí a thógáil agus a chur i mbun seirbhíse.

Measúnacht ar chomhfhoirmeacht

Déantar Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) de réir na Treorach Sábháilteachta Iarnróid (AE) 2016/798 agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Tugtar mionsonraí ar chritéir shonracha maidir le comhfhoirmeacht a mheasúnú i Rialachán AE 1158/2010 Deimhniú Sábháilteachta agus Rialachán AE 1169/2010 Údarú Sábháilteachta. Ó 31 Deireadh Fómhair 2020, tagann (AE) 2018/762 in ionad na Rialachán deiridh sin.

In 2019, tharla obair shuntasach chun eisiúint Deimhnithe Sábháilteachta d'Iarnróid Thuaisceart Éireann a thabhairt chun cinn mar ullmhúchán le haghaidh Breatimeacht gan mhargadh. Lean an obair sin ar aghaidh in 2020 agus tar éis iarratais fhoirmiúil ó Iarnróid Thuaisceart Éireann, d'eisigh an CRI Deimhnithe Sábháilteachta Chuid A agus B i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Fuair Transdev Deimhniú Sábháilteachta le coinníollacha i mí na Samhna 2019. Tar éis clabhsúr a chur leis na coinníollacha sin, eisíodh Deimhniú Sábháilteachta gan choinníollacha chuig Transdev ag deireadh mhí Feabhra 2020.

Baineann dáta éaga sonraithe le Deimhnithe Sábháilteachta arna n-eisiúint ag an CRI agus bíonn athdheimhniú riachtanach dá éis sin. Bhain uasbhailíocht 5 bliana leis na deimhnithe ar fad arna n-eisiúint in 2020.

Rialacha náisiúnta maidir le hoibríochtaí TSI

Rialacha náisiúnta a fógraíodh roimhe

I rith 2020, bhí an CRI ag idirghníomhú leis an ERA maidir leis na Rialacha Náisiúnta ab infheidhme sa Stát, agus maidir le bunachar na rialacha náisiúnta NOTIF a fógraíodh don ERA roimhe. Tá an bunachar á athrú ag an ERA faoi láthair go mbeidh sé ina bhunachar nua aonair rialacha (SRD) don phróiseas fógartha sin. Cuireadh an ceanglas maidir le ballstáit athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar a rialacha náisiúnta i gcrích agus ceanglas na Treorach Sábháilteachta Iarnróid (RSD) 2018/798 Airteagal 8.2 á chomhlíonadh, a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha a aithníodh roimhe faoi larscríbhinn II.

Rialacha náisiúnta nua

Lena chois sin, chuir an CRI tús leis an bpróiseas chun éascú le Rialacha Náisiúnta nua a chruthú maidir leis an tSonraíocht Theicniúil um Idir-Inoibritheacht a bhaineann le hoibriú agus bainistíocht tráchta (TSI-OPE). Le TSI-OPE 2019/773 Agusín I, lena ndéantar socrú maidir le Rialacha Náisiúnta nua nach gcuimhdáítear cheana le TSI-OPE. Tá foráil i RSD 2018/798 Airteagal 8.3 maidir le Ballstáit a bheith ag leagan Rialacha Náisiúnta nua síos. Cuireadh tús leis an tasc sin i lár 2020 agus reáchtáil an CRI roinnt cruinnithe le heagraíochtaí iarnróid chun dréacht-Rialacha Náisiúnta a mhúnlú le haghaidh TSI-OPE Agusín I. Cuirfear na dréacht-Rialacha Náisiúnta sin faoi bhráid ERA lena scrúdú sula bhfoilseofar ar shuíomh gréasáin an CRI iad. Leanfaidh an próiseas Treoraíocht CRR-G-031 C maidir le Caighdeán Iarnróid na hÉireann agus Rialacha Náisiúnta na hÉireann a Dhréachtú, a Athbhreithniú, a Fhoilsiú agus a Uasdátú, rud a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an CRI. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin i gcaitheamh 2021.

Treoirlínte (measúnacht ar chomhréireacht)

I rith 2020, rinne an CRI dul chun cinn forleathan ar uasdátú ar a Threoirlíne CRR-G-030, 'Application Guide for Safety Certification/Authorisation' chun na ceanglais nua, a tugadh isteach le IR 476 2020 agus lenar tugadh éifeacht do Threoir (AE) 2016/798, a chur san áireamh. Foilseofar an treoraíocht uasdátaithe chríochnaithe go luath in 2021.

Tiománaithe traenach a cheadúnú

Is é an CRI an t-údarás inniúil chun críocha I.R. 399 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe Traenach a Dheimhniú) 2010. Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traenach a oibriú ar an líonra. Eisítear ceadúnais faoi réir na tiománaithe a bheith ag comhlíonadh ceanglas a leagtar síos i reachtaíocht Eorpach, mar atá: aois íosta, oideachas bunúsach, scrúdú leighis, folláine ghairmshíceolaíoch, agus inniúlacht ghairmiúil ghinearálta.

Bunaithe ar ár n-athbhreithniú agus measúnacht ar na hiarratais a fuarthas ó GI-IÉ, d'eisigh CRI 44 ceadúnas tiomána traenach in 2020.

Mar gheall ar an mBreatimeacht, chaill ceadúnais tiománaí traenach a d'eisigh údarás náisiúnta sábháilteachta na Ríochta Aontaithe a mbailíocht laistigh den AE ón dáta imeachta agus an dáta sin san áireamh. Dá bharr sin, agus lena chinntiú go bhféadfadh NIR leanúint ar aghaidh le bheith ag oibriú sheirbhís an Enterprise le GI-IÉ, rinne NIR iarratais chuig an CRI maidir le hiarratais do thiománaithe traenach. Bunaithe ar ár n-athbhreithniú agus measúnacht, eisíodh 55 ceadúnas chuig tiománaithe NIR roimh dheireadh na bliana.

Baineann tréimhse bhailíochta 10 mbliana le ceadúnais tiománaithe traenach, ach cuireann an Gnóthas Iarnróid tiománaithe faoi réir scrúduithe leighis leanúnacha áfach.

Comhlacht forordaithe

Faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001 – 2020, is comhlacht forordaithe é an CRI i gcás ina bhféadfadh forbairt dul i bhfeidhm ar iarnród. Áirítear leis sin crosairí comhréidhe iarnróid, fodhroichid agus tardhroichid, cóngarachtaí forbartha leis an iarnród nó a poitéinseal dul i bhfeidhm ar a shláine struchtúrtha, cur isteach ar oibriúchá sábháilte an iarnróid nó é a chur i mbaol. B'infheidhme sin i rith agus tar éis a tógtha araon. In 2020, sholáthair an CRI breathnóireachtaí maidir le 38 de na hiarratais phleanála a fuair sé mar chomhlacht forordaithe.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE MAOIRSEACHT AR CHOMH- LÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ



Maoirseacht agus forfheidhmiú

Príomhghníomhaíocht de chuid an CRI is ea maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí iarnróid a oibrítear sa stát. Bíonn Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) deimhnithe ag gach Eagraíocht Iarnróid a bhíonn i mbun oibriúcháin lena dtugtar eolas faoi na bealaí a bhainistíonn siad na rioscaí don tsábháilteacht a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí go héifeachtach. Is é ról an CRI maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht leanúnach na CBSanna seo. Déanann an CRI amhlaidh trí idirghníomhaíocht leis na heagraíochtaí iarnróid go minic, ag iniúchadh a bpróiseas is a nósanna imeachta, ag déanamh cigireachta ar a sócmhainní agus ag bualadh le baill foirne.

Agus ár dtorthaí maoirseachta roimhe á n-úsáid againn, in éineacht le hathbhreithniú ar chineál agus ar líon na dtarluithe (tionóiscí, eachtraí agus imeachtaí contúirteacha) a bhain dóibh, a réimeanna iniúcháireachta agus agus monatóireachta inmheánaí féin agus a dtorthaí siúd, faigheann an CRI pictiúr ar fheidhmíocht na n-eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta. Agus an fhaisnéis sin á húsáid, in éineacht le breithniúnas gairmiúil, forbraítear pleananna maoirseachta, ceann do gach eagraíocht iarnróid ar leithligh, don bhliain atá le teacht.

Úsáidimid prionsabail ERA maidir le maoirseacht, lena n-áirítear an chomhréireacht, an comhleanúnachas, agus an trédhearcacht in éineacht leis an tuiscint agus an eolas atá bailithe againn féin ar gach eagraíocht iarnróid chun maoirseacht a dhéanamh go héifeachtach orthu siúd a bhíonn faoi rialáil againn.

Cuirtear forléargas ar ghníomhaíocht maoirseachta an CRI i gcomhair 2020 i láthair leis an méid seo a leanas.

Iniúcháireacht ar chomhlíonadh (maoirseacht réamhghníomhach)

Thionscain an CRI na hiniúcháireachtaí i rith 2020 a liostaítear sa tábla seo a leanas:

Tábla 1
Iniúcháireachtaí ar thug an CRI fúthu in 2020

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Rinneadh
GI-IÉ	Iniúcháireacht ar CBS GI-Iarnród Éireann – Bainistíocht Riosca Oibriúcháin	Deireadh Fómhair 2020
BB-IÉ	Bainistíocht na gCaighdeán Cothabhála OHLE agus an Phríomhchonraitheora – Neopul	Deireadh Fómhair 2020
BB-IÉ	Critéar A Aguisín II – Bainistíocht Sócmhainní Gearrthacha agus Claífort	Samhain 2020

Tugadh dhá cheann de na hiniúcháireachtaí a tionscnaíodh in 2020 chun críche in 2019 freisin. Lena chois sin, thug an CRI iniúcháireacht amháin, a tionscnaíodh in 2019, chun críche. Táirgeadh torthaí le gach ceann de na hiniúcháireachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar nithe a tháinig as fíricí a tháinig chun cinn i rith na hiniúcháireachtaí. Cuireann cigirí an CRI na torthaí seo i gcatagóirí ag brath ar an riosca a bhaineann leo.

Úsáideann Cigirí an CRI an córas aicmithe seo a leanas le haghaidh na dtorthaí seo.

Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach (MaNC): réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise gur cliseadh ar an gcóras.

Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach (miNC): réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise go ndeachaigh an próiseas le córas a chur i ngníomh i léig anois is arís nó gur chlaon an próiseas ó chóras.

Gníomh Riachtanach (AR): réimse mar a bhféadfadh sé tarlú nach gcomhlíonfaí caighdeán srl. ina leith ach amháin sa chás go ndéanfar gníomh leasúcháin nó feabhsú, earáid aonraithe ar éigean a cheartú, nó saincheist eile mar, dar leis an iniúchóir, a bhfuil gníomh riachtanach ina leith.

Scóip le haghaidh feabhsaithe (SFI): réimse a cuireadh chun solais mar, dar leis an Iniúchóir, gur féidir leis an gcuideachta feabhsú ar an gcóras nó ó thaobh gnó a bhaint amach. Moladh a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth, ar chóir don eagraíocht iniúchta cinneadh a dhéanamh i leith fhiúntas an mholta agus an bealach lena chur i ngníomh.

Dea-Chleachtas (GP): réimse a chuirtear chun solais i gcás, dar leis an Iniúchóir, atá ina dhea-chleachtas laistigh den tionscal.

Conair Iniúcháireachta (AT): réimse ar chóir tuilleadh aire a thabhairt air, dar leis an iniúchóir, trína chur isteach sa chlár le haghaidh iniúcháireachtaí amach anseo (ach ní gá gur mír d'iniúcháireacht seachtrach a bheadh ann) nó trí mhodh éigin eile.

Tugtar tuilleadh mionsonraí ar na torthaí iniúcháireachta sna táblaí thíos.

Tábla 2
Iniúcháireachtaí tionscanta in 2019 agus tugtha chun críche ag an CRI in 2020

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach	Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach	Gníomh Riachtanach
BB-IÉ	Iniúcháireacht ar CBS na Roinne Nua Oibreacha	0	2	0

Tábla 3
Iniúcháireachtaí tionscanta agus tugtha chun críche ag an CRI in 2020

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Neamh-chomhlíonadh – Cás Tromchúiseach	Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach	Gníomh Riachtanach
GI-IÉ	Bainistíocht Riosca Oibriúcháin	0	2	2
BB-IÉ	Caighdeán Chothabhála OHLE agus Bainistíocht Chonraitheoirí	0	2	5

Tábla 4
Iniúcháireachtaí an CRI a tionscnaíodh ach nár tugadh chun críche in 2020

Eagraíocht Iarnróid	Teideal na hIniúcháireachta	Iniúcháireacht Tionscanta
BB-IÉ	Critéar A Aguisín II – Bainistíocht Sócmhainní Gearrthacha agus Claifort	Samhain 2020

In 2020, níor sonraíodh aon chás mhórchúiseach nár comhlíonadh rialacháin ina leith, rud is binn linn, cé gur chuir an CRI líon níos lú d'iniúcháireachtaí i bhfeidhm ar eagraíochtaí iarnróid ná mar a bhí beartaithe mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar shrianta gaolmhara a forchuireadh.

Trasna na n-eagraíochtaí iarnróid, iniúchadh líon beag de chásanna mionchúiseacha nár comhlíonadh rialacháin ina leith agus/nó sonraíodh CBS ceadaithe agus i ngach cás, mheas an príomhchigire (iniúcháir) an raibh sábháilteacht daoine i mbaol. In aon chás amháin, measadh gur ghá Plean Feabhsúcháin a iarraidh, i gcomhréir le halt 74 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, chun aghaidh a thabhairt ar riosca a chonacthas do shábháilteacht na foirne iarnróid a bhí ag obair i sealúchais innealtóireachta nuair a bhíonn Feithiclí Iarnróid Bóthair (RRVanna) á noibriú. Chuir BB-IÉ plean faoi bhráid an CRI lena leagadh amach na céimeanna a ghlacfaidh sé chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna inar aithníodh neamhchomhlíonadh, rud lenar ghlac an cigire athbhreithniúcháin. Áirítear le cuid de na gníomhartha atá á ndéanamh athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar chaighdeán maidir le gléasra/innill bhuntábhachtacha, athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta rialaithe sábháilteachta reatha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheadú an ráitis mhodha agus ar an bpróiseas faisnéisithe.

I bhformhór mór na cásanna, tá na gníomhartha ceartaitheacha agus coiscitheacha chomhaontaithe as na hiniúcháireachtaí seo curtha i ngníomh cheana féin ag na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist, nó tá siad i mbun an phróisis sin.

Breathnaíonn an CRI ar dhea-chleachtas a chur chun cinn mar cheann dá ról, mar sin bíonn cigirí ag tuairisciú ar réimsí dea-chleachtais a aithnítear laistigh den tionscal freisin. Luaigh an CRI 3 mhír dea-chleachtais dá leithéid in 2020 trasna roinnt eagraíochtaí iarnróid lena náirítear:

- An úsáid fhorleathan a bhainneann GI-IÉ as diananailís ar fhachtóirí an duine i gcomhthéacsanna éagsúla chun tacú le hanailísiú ar bhunchúiseanna iarbhire tionóiscí agus ar thionóiscí féideartha amach anseo.
- Bhain Rannán Oibriúcháin GI-IÉ úsáid as cuir chuige nuálacha i leith na hoiliúna, agus ba é an sampla ba shuntasá de siúd gur thug siad an chuideachta Theatre at Work isteach chun oiliúint iompraíochta a fhorbairt agus chun féachaint ar scéalta cásanna trí mheán an dráma. Chabhraigh sé sin leis an bhfoireann tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach a d'fhéadfadh tionóiscí tarlú.
- Measadh gur shimplí an bealach a bhainistigh BB-IÉ trealamh cothabhála bonneagair OHLE ach iontach éifeachtach.

Cigireacht iar-eachtra (maoirseacht fhrithghníomhach ar thionóiscí nó eachtraí)

Feidhmíonn an CRI uainchlár lena bhfágfar go mbíonn Cigire ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt do tharluithe i.e., tionóiscí, eachtraí agus imeachtaí contúirteacha. In 2020, fuair an CRI 55 fógra fhoirmiúla san iomlán agus d'fhreagair do roinnt díobh sin láithreach nó le linn na laethanta i ndiaidh an tarlaithe chun an an láithreán/an rothstoc a bhí i gceist a scrúdú. Is le líonra IÉ a bhain 32 fhógra san iomlán, tharla 20 ar líonra LUAS, bhain ceann amháin le saincheisteanna rothstoic ar le NIR é agus agus bhain 2 cheann le hoibriúcháin Bhord na Móna.

Is brónach an scéal go raibh ocht dtarlú mharfacha san iomlán ar iarnróid na hÉireann i rith 2020, 7 ar an líonra náisiúnta iarnróid throim agus 1 cheann ar chóras iarnróid éadroim LUAS Bhaile Átha Cliath. Ar líonra BB- IÉ tugann cúinsí a bhain le sé cinn de na cásanna marfacha sin le fios gur cosúil go mb'fhéidir gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas. I gcás an bháis eile ar líonra BB-IÉ, go tragóideach, duine de bhaill foirne Iarnród Éireann a bhí ann a fuarthas in aice leis an líne iarnróid. Tharla aon tarlú marfach amháin ar líonra LUAS a tharla ar an Líne Ghlas agus a bhain le tram a bheith ag bualadh faoi dhuine den phobal.

Bhí roinnt tionóiscí agus eachtraí breise ann a bhféadfadh bás duine a bheith ag baint leo freisin agus cúinsí beagán difriúil, lenar áiríodh:

- Léim duine den phobal ag stáisiún Chnoc an tSalainn & Bhaile na Manach de dhroichead coisithe agus bhain gortú tromchúiseach dó, Co. Bhaile Átha Cliath, Meán Fómhair 2020,
- Imbhualadh idir leoraí agus tram ar Shráid na Binne Boirbe ar an Líne Dhearg, Márta 2020.

Maidir le heachtraí a fógraíodh don CRI, seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur cosúil gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe. Is é cuspóir imscrúdaithe an CRI seiceáil gur chomhlíon an eagraíocht iarnróid a chóras bainistíochta sábháilteachta. Maidir leis an ról ó thaobh a bheith ag féachaint le cúis na tionóisce/na heachtra a shonrú, is ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid a bhíonn an ról sin, ar comhlacht neamhspleách ar leithligh é. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta maolaithe curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha.

Cigireacht

Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar chlár oibre an CRI in 2020 sa mhéid is gurbh éigean coigeartú a dhéanamh ar roinnt de na cigireachtaí a bhí beartaithe againn. Mar shampla, rinne cigirí an CRI athfhócasú ar am cigireachta le tabhairt faoi chigireacht ar shócmhainní a d'fhéadfaí a dhéanamh agus iad ag cloí le srianta COVID-19, i.e., scaradh sóisialta agus oibriú lasmuigh. Fiú i gcomhthéacs an chláir chigireachta athfhócasaithe seo, thug an CRI faoi 77 Cigireacht san iomlán ar mhó é sin ná mar a bhí beartaithe i gcomhair na bliana, lenar díriodh ar:

- Sócmhainní iarnróid lena n-áirítear rothstoc, stáisiúin, crosairí comhréidhe agus struchtúir eile, m.sh., droichid agus struchtúir chréfoirt.
- Bainistíocht athruithe.
- Bearta um Rialú Riosca a bhaineann le COVID-19.
- Oibriúcháin tram agus cothabháil rothstoic.
- Bainistíocht rioscaí a bhaineann le hoibreacha tríú páirtithe in aice leis an trambhealach.

Tá torthaí uile na cigireachta seo ar fad á dtabhairt chun cinn ag an eagraíocht iarnróid atá i gceist, agus tá an CRI ag déanamh monatóireachta ar leigheasachán na saincheisteanna ar fad a bhaineann go criticiúil leis an tsábháilteacht.

Forfheidhmiú

Tugann Alt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 cumhachtaí forfheidhmiúcháin don CRI. Tá cumhacht le Plean Feabhsúcháin a iarraidh ina gcuid de na cumhachtaí sin, le haghaidh sárúithe níos mionchúisí de ghnáth, chomh maith le cumhacht le Fógra Feabhsúcháin nó Fógra Toirmisc a sheirbheáil le haghaidh cásanna sárúithe níos tromchúisí. Tá an cumhacht ag an CRI Údarú Sábháilteachta nó Deimhniú Sábháilteachta a chúlghairm freisin i gcásanna fíor-thromchúiseacha nó iarratas a dhéanamh chun na hard-chúirte le hordú a lorg chun oibriúcháin a shrianadh nó a thoirmeasc.

Prionsabal treorach de chuid fheidhm Mhaoirseachta an CRI, agus prionsabal a bhaineann go sonrach lena úsáid forfheidhmiúcháin, is ea prionsabal na comhréire. Má aithnítear teip nó laige, oibríonn an CRI le heagraíochtaí iarnróid, chun comhlíonadh deonach rialachán a dhaingniú seachas gníomhartha forfheidhmiúcháin a thionscnamh láithreach. Dá aineoinn sin, i gcás ina measfar gur riachtanach é, is féidir leis an CRI a ghníomhartha forfheidhmiúcháin a úsáid i gcoinne na heagraíochta ábhartha iarnróid agus is fíor go ndéanann sé amhlaidh. Cinntítear leis sin go dtagann deireadh na gníomhaíochtaí nó oibriúcháin neamhsábháilte nó go ndaingnítear comhlíonadh na rialachán.

In 2020, thionscain an CRI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin arna eisiúint ar BB-IÉ
1 Phlean Feabhsúcháin iarrtha tar éis tarlú infhógartha:

- Imbhualadh idir dhá Fheithicil Iarnróid Bhóthair cóngarach do Thollán Bhré Uimh. 1, Co. Chill Mhantáin.

Lena chois sin, sonraíodh go leor cásanna i gcáipéisí nár comhlíonadh rialachain ina leith, i rith chigireacht de chuid an CRI, a d'fhág go raibh ag an eagraíocht ábhartha iarnróid pleananna gníomhaíochta a sholáthar dúinn.

Alt 77 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Fógra Feabhsúcháin (Arna eisiúint ar GI-IÉ)
Seirbheáladh 1 síneadh amháin le Fógra Feabhsúcháin reatha:

- Tar éis do shíneadh ama a bheith deonaithe don Fhógra Feabhsúcháin a seirbheáladh ar GI-IÉ in 2016, maidir lena mbeartas Drugaí agus Alcóil.

Alt 78 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Fógra Toirmisc

- Níor seirbheáladh aon Fhógraí Toirmisc in 2020.

Torthaí iniúchóireachta, cigireachta agus cigireachta iar-eachtra a chur i ngníomh

Déanann an CRÍ monatóireacht ar chur i bhfeidhm gníomhartha coisctheacha agus ceartúcháin i leith roinnt torthaí. In 2020, leasaigh an CRI a chóras um nótáil stádais a fheidhmítear chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na heagraíochta iarnróid i dtreo clabhsúir, ag gluaiseacht ó chóras trí shraithe chuig córas ceithre shraithe. Roimhe seo, ba iad 'oscailte', 'críochnaithe' agus 'dúnta' ainm na sraitheanna, ach measadh nár léiríodh an fíorstádas cruinn go leor leis an stádas 'críochnaithe'.

Is ar an ábhar sin a cuireadh na sraitheanna seo a leanas in ionad 'críochnaithe':

Curtha Isteach: Tá aighneacht curtha faoi bhráid an CRI ag an Eagraíocht Iarnróid (nó ag páirtí eile), lena gcuirtear in iúl go bhfuil sé tar éis bearta a dhéanamh chun an moladh a chur i bhfeidhm agus tá an CRI ag breithniú cibé acu clabhsúr a chur leis an moladh, agus

Tuilleadh Faisnéise Iarrtha (FER): Rinne an CRI athbhreithniú ar aighneacht (nó ar aighneacht bhreise) ach measann go bhfuil tuilleadh fianaise riachtanach chun clabhsúr a chur leis an moladh sábháilteachta.

Soláthraítear miondealú mionsonraithe le haghaidh torthaí iniúchóireachta, torthaí cigireachta agus Gníomhaíochta Iar-Eachtra le haghaidh gach ceann de na príomheagraíochtaí iarnróid ó 2010 in Aguisín 3.

Moltaí ó thaobh na sábháilteachta an AITI

Tá sé d'fheidhm ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) imscrúduithe a dhéanamh ar thionóiscí agus ar eachtraí ar na hiarnróid throma agus éadroma in Éirinn. Is é cuspóir a chuid imscrúduithe cúis a shuíomh agus ní locht a chur ar aon aonán ar leith. Déantar moltaí sábháilteachta lena thuairiscí a mbíonn sé i gceist acu a chinntiú go seachnófar tionóiscí/eachtraí cosúil leo amach anseo.

Maidir le Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta a dhéanann an tAonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid, dírithe ar na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist iad de ghnáth nó ar thríú páirtí eile a bhféadfadh freagracht faoi reachtaíocht a bheith acu. Is don CRI a thugtar a mholtaí mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mar a chuirtear na moltaí i ngníomh. Tá mionsonraí faoi stádas moltaí reatha ó thaobh na sábháilteachta arna n-eisiúint ag an AITI le fáil in Aguisín 3.

Eagraíochtaí eile iarnróid

Le cois Iarnród Éireann agus Transdev, déanann an CRI maoirseacht ar na heagraíochtaí iarnróid seo a leanas freisin.

Rhomberg Sersa Ireland (RSI)

Chuir RSI a chéad bhliain oibriúcháin iomláin i gcrích in 2020, agus iad tar éis dul i gceannas ar chonradh cothabhála agus oibriúcháin fhlít na n-Inneall Ar Raonta (OTM) thar ceann IÉ-BB i mí Iúil 2019.

Bhí lámh ag RSI in dhá tharlú in 2020. 'Rith trí na pointí' a bhí i gceist leis an gcéad cheann nuair a tiománaíodh OTM a bhí á oibriú ag tiománaí RSI trí phointí nach raibh socraithe le haghaidh ghluaiseacht na traenach. D'fhág sin go ndearnadh damáiste réasúnta mionchúiseach do bhonneagar agus nár gortaíodh aon duine. Tarlú SPAD ab ea an dara tarlú nuair a chuaigh duine dá chuid tiománaíthe traenach trí chomhartha contúirte i mBaile Átha Luain. Níor bhain ach leibhéal íseal riosca leis an eachtra agus níor gortaíodh aon duine dá bharr.

Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)

Is é RPSI an t-aon iarnród oidhreacht a oibrítear ar líonra BB-IÉ. Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm go mór ar oibríocht RPSI sa mhéid gur cuireadh in iúl don CRI nár tharla aon seirbhís poiblí ar bith in 2020.

Tharla cigireacht shuntasach áfach lenar dírfódh ar bhainistíocht RPSI maidir lena ollchóiriú ar Ghluaisteoir Gaile 131. Gluaisteoir mear d'aicme 'Q' 4-4-0 do phaisinéirí is ea Gluaisteoir Gaile 131 a tógadh do Mhór-Iarnród an Tuaiscirt (Éire) sa bhliain 1901 a bhfuil RPSI i mbun ollchóiriú air go mbeidh sé ina chuid dá fhlít ghluaisteoirí stairiúla. Tá faoi RPSI Gluaisteoir 131 a oibriú ar líonra BB-IÉ mar cheann dá ghluaisteoirí gaile athchóirithe.

Bord na Móna (BNM)

Is le Bord na Móna (BNM) iarnród tionscail nach beag a úsáidtear chun móin a iompar. Déanann an CRI maoirseacht ar BNM i gcás go dteagmhaíonn a gcomhéadain iarnróid le bóithre poiblí, .i., ag crosairí comhréidhe agus droichid thar/faoi iarnród. Cuireadh srian nach beag le hoibriúcháin BNM in 2020 mar gheall ar dhúnadh na stáisiún cumhachta de chuid ESB i lár na tíre, ar sholáthraíodh BNM móin mheillte dóibh. Níos déanaí in 2020, d'fhógair BNM an deireadh iomlán le baint na móna ar a chuid tailte. Rachaidh na forbairtí sin i bhfeidhm ar an leibhéal idirghníomhaíochta a bhíonn ag an CRI le BNM sna blianta amach anseo.

Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht BNM ó thaobh na sábháilteachta agus an CRI ag idirghníomhú le bainistíocht shinsearach BNM in 2020.

Fógraíodh 2 tharlú a bhain le líonra BNM don CRI. Bhain an chéad cheann díobh sin le vaigín 5T a rith ar shiúl agus a bhuaill faoi chrosaire comhréidh. Rinneadh gníomhaíocht iar-eachtra (cigireacht) de chuid an CRI air sin a d'fhág go ndearnadh roinnt moltaí. Bhain an deara ceann le feithicil bhóthair a bhuaill faoi shraith de gheataí dúnta crosaire comhréidh (Doire Fhiáin, 05-23), ar an dea-uair, ní raibh aon traen ar an gcrosaire ag an am, agus níor gortaíodh aon duine ar bith.

Iarnróid Oidhreachta

Déanann an CRI monatóireacht ar oibríochtaí líon beag d'iarnróid oidhreachta féinchoinnithe agus in 2020 bhí na hianróid oidhreachta seo a leanas faoi réir maoirseachta:

- Iarnród Oidhreachta Loch Dhuibhlinne, Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall.
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta, Co. Dhún na nGall.
- Traein Aonráille Lartigue Lios Tuathail, Co. Chiarraí.
- Iarnród Ghleann Phort Láirge agus na Siúire (W&SVR).
- Irish Steam Preservation Society, Sráidbhaile, Co. Laoise.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar shrianta rialtais a bhí i bhfeidhm, chuir formhór na noibreoirí iarnróid oidhreachta in iúl don CRI nach raibh siad ag oibriú in 2020. Tugadh faoi chigireacht ar láithreáin Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire i rith shamhradh 2020, agus an cigire ag cloí le gach treoirlíne riachtanach maidir le COVID-19. Chuathas i dteagmháil le roinnt iarnród oidhreachta eile, agus tharla idirghníomhaíocht i leith athbheithniú á dhéanamh ar aon phointí oscailte ar bith a aithníodh le linn cigireachtaí roimhe.

Foláirimh ón tionscal

Faigheann an CRI foláirimh shábháilteachta tionscail ón nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) agus ón AITI. In 2020 fuarthas ocht bhfoláireamh sábháilteachta ón ERA. Bhain cúig chinn díobh siúd le córas um rialú traenacha (an Córas Eorpach um Rialú Traenacha – ECTS) a úsáidtear go forleathan timpeall na hEorpa ach nach n-úsáidtear in Éirinn. Bhain ceann amháin le scoilteanna a aithníodh ar chineál sonrach fráma bógaí a úsáidtear ar vaigíní lastais. Roinneadh an fhaisnéis sin le GI-IÉ a chuir in iúl don CRI nach raibh aon chinn den chineál bógaí sin ina fhlít. Fuarthas foláireamh eile i ndáil le himthacaí nár feistíodh i gceart ar vaigíní lastais a thóg déantúsóir Slóvacach a bhí ina gcúis le traen imeacht de na ráillí sa Ghearmáin. Chuir Príomhoifigeach na Roinne Innealtóireachta Meicniúla in iúl don CRI nach raibh aon chineálacha ar bith de na vaigíní sin acu ina fhlít. Ba mhó gur bullaitín/treoraíocht maidir le sábháilteacht ná foláireamh sábháilteachta a bhí i gceist leis an bhfoláireamh sábháilteachta deiridh a fuarthas ón ERA le haghaidh oibreoirí iarnróid maidir le haerú i bhfeithiclí iarnróid i bhfianaise COVID-19. Bhí moltaí mionsonraithe, neamhcheangailteacha le breithniú ann, agus na príomhchoincheapa um dháileadh aeir a chuirtear i bhfeidhm i bhfeithiclí iarnróid agus i gcábáin tiománaithe á gcur san áireamh.

Uiríll


In 2020, fuair an CRI 40 uiríoll a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na niarnród trom agus éadrom de.

Bhí buairimh maidir le cúrsaí sábháilteachta i gceist leo seo a bhain leis an mbail ar líonra BB-IÉ agus lena shábháilteacht chomh maith le sábháilteacht na mbealaí tram i gcoitinne. Bhí an líon sin níos ísle ná an méid a fuarthas in 2019 agus bhíodas ag súil leis sin toisc go raibh líon na bpaisinéirí thíos go suntasach in 2020 mar gheall ar COVID-19 agus ar na srianta taistil gaolmhara a bhí i bhfeidhm i rith na bliana. (Féach an graf thíos le haghaidh mionsonraí ar threochtaí na n-uiríoll).

As measc na 40 uiríoll a fuarthas in 20120, bhain 20 uiríoll le IÉ-BB nó IÉ-GI, bhain 9 gcinn le córas LUAS, bhain aon cheann amháil le hearnáil an iarnróid oidhreachta agus bhain na 10 gcinn eile le cúrsaí ginearálta ó thaobh reachtaíochta nó an líonra go príomha.

Tugann an CRI an-aird ar fad ar aon uiríoll a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid arna dhéanamh ag ball d'fhoireann iarnóid, paisinéirí iarnróid, daoine den phobal nó daoine eile.

Léaráid 1
Líon na n-uirioll
a fuair an CRI



Feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta

Idirghníomhaíonn an CRI go díreach le bainistíocht shinsearach eagraíochtaí iarnróid ina mhaoirseacht ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta. Baintear sin amach go príomha trí chruinnithe rialta le feidhmeannaigh cuideachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar go leor táscairí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta agus iad a phlé. In 2020, reáchtáladh 4 chruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta le BB-IÉ agus le GI-IÉ, agus le Transdev (Oibreoir LUAS). Reáchtáladh trí chruinniú le RSI, cruinniú amháin le NIR, agus ceann amháin le RPSI. Bhuaill cigirí de chuid an CRI le Bonneagar Iompair Éireann (TII) freisin chun cúrsaí Bonneagair LUAS a phlé chomh maith le tionscnaimh shábháilteachta atá á bhforbairt agus á gcúir i ngníomh.

Ag na cruinnithe sin, déanann an CRI athbhreithniú ar fheidhmíocht na n-eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta agus ceanglaítear ar orthu an bealach atá sábháilteacht agus rioscaí, a bhaineann lena n-oibriúcháin, á mbainistiú go héifeachtach acu a léiriú. Thairis sin, caithfidh na heagraíochtaí iarnróid mionsonraí a sholáthar faoina gcuid iniúchóireachtaí agus imscrúduithe inmheánacha féin tar éis tionóiscí agus eachtraí, in éineacht le pleananna agus gníomhartha a dhéantar chun atarluithe a chosc/feabhsuithe ar phróisis a thabhairt i gcrích.

Ar an iomlán, tá feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta in earnáil iarnróid throim na hÉireann réasúnta dearfach, nuair a chuirtear i gcomparáid le blianta roimhe í agus le staitisticí Eorpacha, agus i gcomhthéacs méadú leanúnach ar thurais ag paisinéirí agus ar chiliméadair traenach/tram arna dtaisteal chomh fada le 2019 agus an bhliain sin san áireamh. Is léir go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar thurais ag paisinéirí in 2020, mar a tugadh le fios sa tuarascáil seo mar gheall ar COVID-19. I gcomhthéacs oibriúcháin, bhí laghduithe ar líon na dtarluithe laistigh de chatagóirí freisin, m.sh. comharthaí contúirte a ndeachthas tharstu agus traenacha ag imeacht de na ráillí. An t-aon chatagóir ina bhfacthas méadú suntasach ar líon na dtarluithe ab ea imbhualtí traenach agus go sonrach le hainmhithe móra, eallach agus fianna móra de ghnáth.

Nuair a chuirtear feidhmíocht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta i gcomparáid le Ballstáit Eorpacha eile, tá a feidhmíocht go maith. Ach ní mór dúinn a bheith ar an eolas faoin bhfíric go gciallaíonn méid bheag líonra BB-IÉ nach mór breathnú ar an staitistic seo go cúramach toisc go mbeadh éifeacht suntasach ar an stádas sin fiú le líon beag tionóiscí.

Dá ainneoin sin, is go seasta mar a bhí Éire i measc na mballstát ag a raibh na rátaí básmhaireachta ab ísle i gcaitheamh na tréimhse 2012 – 2018. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nár tharla aon bhásanna paisinéirí in Éirinn le linn na tréimhse seo agus maidir leis na básanna a tuairiscíodh, is de thoradh foghail/míthapa ag daoine a tharla siad.

Foilsíonn an CRI a thuarascáil staitistiúil bhliantúil ar leithligh lena dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht na n-iarnród ó thaobh na sábháilteachta in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo i gcomhair 2020, mar ab amhlaidh le tuarascálacha roimhe, níos déanaí sa bhliain chun éascú le fáil na sonraí bailíochtaithe iomlána bliana ó na heagraíochtaí iarnróid ar fad. Tá Tuarascáil na Feidhmíochta ó thaobh na Sábháilteachta 2019 le fáil ar shuíomh gréasáin an CRI.

Cuirtear roinnt de na sonraí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid, a bhí ar fáil tráth fhoilsithe na tuarascála bliantúla seo, i láthair in Aguisín 4.

Measúnacht ar chultúr sábháilteachta

In 2019, thuairiscigh an CRI gur ghlac sé páirt sna triallacha ar Mhúnla Cultúir Sábháilteachta Iarnróid Eorpach thar ceann ERA. Sholáthair an CRI aiseolas don ERA, agus tá an múnla sin á chur chun cinn anois le húsáid ag eagraíochtaí iarnróid ar feadh na hEorpa.

Lena chois sin, cuireadh tús le tionscadal nua ach a bhain leis in 2020 nuair a d'fhorbair ERA Suirbhé ar an Aeráid Sábháilteachta ar feadh na hEorpa. Ghlac baill foirne an CRI páirt i dtascfhórsa an ERA agus rannchuidigh lena fhorbairt. Tá sé i gceist go bhfaighfear dearcaí agus braistintí ó thaobh na sábháilteachta ag fostuithe eagraíochtaí iarnróid a oibríonn i mballstáit an Aontais Eorpaigh agus i stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (EFTA) leis an suirbhé seo.

Chuir an CRI gach eagraíocht iarnróid atá ag oibriú in Éirinn ar an eolas faoin suirbhé seo ar an aeráid sábháilteachta agus rinne bolscaireacht agus spreag gach eagraíocht iarnróid chun páirt a ghlacadh ann agus a chur chun cinn go himheánach laistigh dá gcuideachtaí féin.

Monatóireacht NSA

Faoi Rialachan (AE) 2016/796 maidir leis an nGníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus cinneadh 161 de chuid an Bhoird Bhainistíochta, deonaítear an tasc don ERA monatóireacht a dhéanamh ar údarais náisiúnta sábháilteachta agus ar an mbealach a dhéanann siad tascanna a bhaineann le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid. I gcomhair 2019 agus 2020, díríodh raon feidhme na Monatóireachta NSA ar na hinniúlachtaí riachtanacha le haghaidh maoirseachta, deimhniú sábháilteachta agus údarú feithiclí, agus ar ghníomhaíocht maoirseachta an NSA freisin.

Rinneadh iniúchóireacht ar an CRI in 2020 mar chuid de thimthriall iniúchóireachta trí bliana ar NSA na mballstát ar fad. Cuireadh tús leis an iniúchóireacht ar chomhlíonadh an 10 Nollaig 2019 nuair a tosaíodh an chumarsáid tosaigh idir ERA agus CRI. Tharla an iniúchóireacht ansin in 2020 agus bhí foráil tosaigh san áireamh leis ón CRI maidir le fianaise dhoiciméadach ar an mbealach a chomhlíonann sé a fheidhmeanna rialála ar aon dul le Teoracha an AE. Dá bharr sin, i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí iniúchóireacht ar líne a mhair ar feadh seachtaine, mar gheall ar shrianta taistil COVID-19, lena áiríodh cruinnithe agus agallaimh le baill foirne. D'éascaigh úsáid na n-ardán teicneolaíochta le cur i gcrích éifeachtach na hiniúchóireachta agus rannpháirtíocht gach duine d'fhoireann an CRI áfach.

Táthar ag súil leis an tuairisc dheiridh iniúchóireachta a fháil ón ERA i lár 2021.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE COMHCHUIBHIÚ EORPACH AGUS REACHTAÍOCHTA



Idir-inoibritheacht agus sábháilteacht iarnróid i limistéar aonair iarnróid an AE

Bliain chinniúnach ab ea 2020 maidir le forbairt reachtaíochta an AE lena rialaítear iarnróid, toisc gur socraíodh mí Mheitheamh na bliana seo mar an dáta faoina raibh ar gach Ballstát an Treoir athmhúnlaithé Sábháilteachta Iarnróid athmhúnlaithé AE 2016/798 agus an Treoir athmhúnlaithé maidir le hIdir-inoibritheacht AE 2016/797 a bheith trasuite i reachtaíocht náisiúnta acu. Mar gheall ar shrianta COVID-19, cuireadh an dáta riachtanach maidir leis an trasúiomh siar ó mhí Mheithimh go mí Dheireadh Fómhair. Trasuitear an dá Threoir anois trí IR 476 2020 agus IR 477 2020, faoi seach. Léirítear na ról, dá dtugtar leis na Treoracha trasuite sin don CRI, sa chuid den tuarascáil seo lena bpléitear le ról an CRI.

Tugtar athruithe suntasacha isteach leis na Treoracha ar na próisis deimhnithe agus údaraithe do ghnóthais iarnróid ar feadh na hEorpa. Tá sainordú tugtha don ERA anois chun deimhnithe aonair sábháilteachta agus údaruithe aonair feithicle (cineál) a eisiúint a bheidh bailí i dtíortha iolracha Eorpacha agus le Córas Eorpach idir-inoibritheach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTM) a chinntiú, i bhforbairt agus i gcur i ngníomh an Limisteir Eorpaigh Aonair Iarnróid.

Ba cheart a thabhairt faoi deara mar sin, i gcás ina mbíonn gnóthas iarnróid ag oibriú laistigh de bhallstát aonair, go mbeidh sé de rogha aige ansin an t-údarás náisiúnta sábháilteachta don stát sin a úsáid chun a dheimhniú sábháilteachta a mheasúnú agus a eisiúint. Agus an RA ina thríú tír tar éis an Bhreitheachta anois, i gcomhthéacs an líonra Eorpaigh aonair iarnróid, féadfaidh gnóthas iarnróid a mbeidh deimhniú/athdheimhniú riachtanach dó mar a n-oibríonn sé i mballstát aonair, i.e., Poblacht na hÉireann, iarraidh ar an CRI mar an údarás náisiúnta sábháilteachta an próiseas deimhnithe sábháilteachta a dhéanamh.

Tá ceanglas éigeantach ar an Údarás Náisiúnta Sábháilteachta i ngach ballstát comhaontú comhoibre a thabhairt chun críche leis an ERA i ndáil le hoibriú phróiseas an deimhnithe sábháilteachta aonair. Bunaítear na coinníollacha leis an gcomhaontú faoina gcomhoibreoidh an NSA agus an ERA le chéile i ndáil le cur i ngníomh thascanna na Gníomhaireachta mar a shonraítear in Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2016/796, a bhaineann le deimhnithe sábháilteachta aonair, údaruithe feithiclí agus cineáil feithiclí, i gcomhréir leis an reachtaíocht AE is infheidhme, lena n-áirítear réamh-idirghníomhaíocht. Thug an CRI an comhaontú sin leis an ERA chun críche i mí Feabhra 2020.

Ag an am céanna, thug an CRI comhaontú deonach chun críche a bhaineann le soláthar cúnaimh shaineolaigh an NSA don ERA mar chuid dá ghníomhaíochtaí deimhnithe agus údaraithe i gcás ina mbíonn siad i riocht amhlaidh a dhéanamh.

Idirghníomhaíocht leis an AE

Bíonn idirghníomhaíocht fhorleathan ón gCoimisiún Eorpach, DG MOVE agus ERA le ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear údaráis náisiúnta sábháilteachta i gceist le forbairt agus athruithe ar an gcreat dlíthúil agus teicniúil lena rialaítear oibriú an Líonra Eorpaigh Iarnróid. Ní beag na himpleachtaí ó thaobh acmhainní a bhíonn i gceist don CRI le bheith ag idirghníomhú le gach grúpa oibre, teicniúil agus saineolach go hiomlán. Ní mór dúinn na na grúpaí sin lena n-idirghníomhaímid a chur in ord tosaíochta, agus déanaimid amhlaidh. In 2020, leanamar ar aghaidh le bheith ag glacadh páirte sa Choiste um Idir-inoibritheacht agus Sábháilteacht Iarnróid (RISC) mar bhallstát ainmnithe agus mar thacaíocht theicniúil don Roinn Iompair. Ghlacamar páirt freisin i líonra DG MOVE na hEorpa de Chomhlachtaí Rialála Iarnróid. Leanamar ar aghaidh inár ról mar an Ballstát ionadaíoch ar Bhord Bainistíochta an ERA.

Tá an CRI ina bhall de Líonra na nÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta agus is é an croí-chuspóir leis sin malartú gníomhach dearcaí agus taithí a reáchtáil chun critéir dhéanta cinntí a chomhchuihbhiú. Ghlac an CRI páirt i ngach cruinniú iomlánaíoch den fhóram sin in 2020.

Thug an CRI tús áite freisin dá rannpháirtíocht i roinnt grúpaí oibre téamacha sonracha de chuid an ERA is ábhartha faoi láthair. Áirítear leo siúd an tascfhórsa um mheasúnú cultúir shábháilteachta, Tascfhórsa na bhFachtóirí Daonna agus Eagraíochtúla um an Aeráid Sábháilteachta, an mheitheal um an Comh-Mhodh Sábháilteachta, Leibhéal Sábháilteachta agus Feidhmíochta ó thaobh na Sábháilteachta agus an mheitheal TSO OPE um Mheáin Inghlactha maidir le Comhlíonadh. Tá sé ina ábhar suntais gur reáchtáladh tromlach na gcruinnithe sin go fíorúil in 2020 rud lenar éascaíodh le ráta tinrimh agus rannpháirtíochta níos airde ón CRI.

Idirghníomhaíonn an CRI leis na páirtithe leasmhara náisiúnta freisin agus é ag freagairt d'fhiosrúcháin nó d'iarraí ar bhreathnóireachtaí arna scaipeadh ag an ERA maidir le cúrsaí praiticiúla, go háirithe maidir le sonraíochtaí teicniúla um idir-inoibritheacht (TSlanna). Beidh feidhm leis na hionstraimí dlíthiúla a thiocfaidh dá thoradh sin, a bhaineann le TSlanna, sa Bhallstát go díreach.

Idirghníomhaíocht leis an Roinn Iompair

I ndáil le reachtaíocht a fhorbairt, mar a léirítear cheana féin laistigh den tuarascáil seo, sholáthair an CRI cúnamh teicniúil forleathan don Roinn Iompair maidir le trasuíomh na dTearacha athmhúnlaithe Sábháilteachta Iarnróid, maidir le hIdir-Inoibritheacht agus an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid SERA chomh maith leis na Rialacháin maidir le Cábla-Bhealaí i ndlíthe náisiúnta.

Rinne an Coimisiún tograí in dhá Ollrialachán i rith 2020 freisin lena n-áiríodh forálacha a bhaineann le síneadh a chur le hamfhrámaí is infheidhme maidir le heilimintí den rialáil iarnróid i bhfianaise shrianta COVID-19. Sholáthair an CRI comhairle don Roinn Iompair i ndáil leis na réimsí mar a raibh aon saincheisteanna i gceist don Rialálaí, rud nárbh amhlaidh.

Iompar earraí contúirteacha

Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag cinntiú go soláthraítear seirbhís scrúdúcháin agus deimhniúcháin do Chomhairleoirí um Earraí Contúirteacha (DGSA). Tá an tseirbhís amuigh ar conradh don Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair (CILT), ar comhlacht sa Stát é atá inniúil chun scéim scrúduithe faofa a sholáthar agus chun deimhnithe gairmoiliúna nó deimhnithe bailíochta sínte a eisiúint. Ceapann an Institiúid an siollabas, agus socraíonn, ritheann agus marcálann scrúduithe bliantúla do DGSAanna ar aon dul leis na coinbhinsiúin aonair idirnáisiúnta ar iompar earraí contúirteacha intíre ar bhóithre (ADR) agus ar iarnród (RID). Tá comhfhormáid scrúdaithe ann le haghaidh gach páipéar, ach amháin i gcás na bpáipéar a bhaineann le móid shonracha do bhóithre agus d'iarnród.

TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH



Rialachas corparáideach agus riarachán

Comhlíonann an CRI an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cúrsaí Airgeadais

Tagann cuid den mhaoiniúchán don CRI ó Thobhach Sábháilteachta a chuirtear ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla agus cuid ó Dheontas ón Státchiste.

Féadfaidh an CRI, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh chun tobhach a fhorchur ar eagraíochtaí iarnróid. Tá na Rialacháin i gcomhair 2020 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 143 de 2020. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin ag an gCoimisiún léirithe thíos:

Tábla 5
Feidhmiú maoiniúcháin ag an CRI

	2020 (€ milliún)	2019 (€ milliún)
Buiséad	2.223	2.465
Deontas Státchiste	0.509	0.433
Ceanglas Tobhaigh	1.714	2.025
Costais oibriúcháin	*	*
Barrachas	*	*

*Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntais iomlána i gcomhair 2020 a iniúchadh.

Foilsítear cuntais iniúchta bliantúla an CRI ar leithligh ón tuarascáil seo ar ár suíomh idirlín.

Luach Saothair Iomlán Fhoireann an CRI

Miondealú Thuarastail na bhFostaithe.

Tábla 6
Miondealú thuarastail na bhfostaithe

Raon scála pá na dtuarastal		Líon na bhfostaithe	
Ó	Chuig	2020	2019
€60,000	€69,999	3	2
€70,000	€79,999	5	5
€80,000	€89,999	0	0
€90,000	€99,999	0	0
€100,000	€109,999	3	4
€110,000	€119,999	1	–
€120,000	€129,999	–	–
€130,000	€139,999	–	–
€140,000	€149,000	1	1

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000 de réir mar a éilítear le Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é €144,871 luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2020.

Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá comharthaíocht agus stáiseanóireacht an CRI i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

Saoráil faisnéise

Áiríodh an CRI i measc na n-eagraíochtaí a liostaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo. In 2020 fuarthas trí iarratas um Shaoráil Faisnéise, deonaíodh d'iarratas amháin agus deonaíodh cuid don dhá cheann eile. Is féidir mionsonraí faisnéise a scaoil an CRI roimhe faoi Shaoráil Faisnéise a fheiceáil ar an Log um Nochtadh faoi Shaoráil Faisnéise ár suíomh idirlín.

Cairt chustaiméirí

Tá an Chairt Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse lenar féidir le custaiméir a bheith ag súil ón CRI.

Tuairisceoireacht bhliantúil um éifeachtúlacht fuinnimh

In 2020 thuairiscigh an CRI feidhmíocht na heagraíochta ó thaobh fuinnimh in 2019 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi mar a cheanglaítear air faoi rialacháin an AE. In 2019, d'oibrigh an CRI i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a fheabhsú agus taispeánadh coigilteas fuinnimh 58% ón mbonnlíne go dtí 2019. Leanfaidh sé ar aghaidh le bheith ag tuairisciú ar a fheidhmíocht agus ag comhlíonadh a oibleagáid dhlíthiúil chun sonraí fuinnimh a thuairisciú.

Socruithe rialachais an CRI leis an Roinn Iompair

Tá an comhaontú maoirseachta riachtanach agus an comhaontú riachtanach um sheachadadh feidhmíochta i bhfeidhm ag an CRI ar aon dul leis an gCód Cleachtais, agus tugadh an dá chomhaontú cothrom le dáta in 2020. Bunaithe ar na comhaontuithe seo, bhuail an CRI leis an Roinn ar bhonn ráithiúil go foirmiúil chun gach páirtí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha i réimsí an rialachais chorparáidigh, beartas agus reachtaíochta iompair. Sholáthair an CRI a thuarascáil ráithiúil agus bhliantúil maidir le seachadadh feidhmíochta don Roinn Iompair de réir an chomhaontaithe maoirseachta.

Ráiteas Straitéise 2018 – 2020

Tá an CRI i mbun an tríú bliana dá Ráiteas Straitéise trí bliana faoi láthair. Leagtar amach leis seo sainordú, misean, fíis, agus tosaíochtaí buntábhachtacha an Choimisiúin i gcomhair na tréimhse 2018 – 2020. Forbraíodh an straitéis i gcomhairle le páirtithe leasmhara buntábhachtacha agus le foireann an CRI féin. Cuireadh an Ráiteas Straitéise i ngníomh trí chlár oibreacha bliantúil an CRI a fhorbairt. Cuirfear tús le forbairt straitéise nua sa chéad leath de 2021.

Tuairisc faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014

Faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuairisc a fhoilsiú faoi líon na nochtuithe cosanta a dhéantar don chomhlacht poiblí sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh (má rinneadh aon chinn) mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta. In 2020 ní bhfuair an Ceannaire Riaracháin sa CRI, mar an duine forordaithe faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014, aon nochtuithe cosanta ó pháirtithe seachtracha lasmuigh nó laistigh den Choimisiún.

Cosaint sonraí

I rith 2020, lean an CRI ar aghaidh lena bheartais, a chórais agus a nósanna imeachta a choinneáil cothrom le dáta, lena chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí. Áiríodh uasdátú ar a mhionsonraí teagmhála DPO leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí leis sin. In 2020, ní bhfuair an CRI aon iarrataí cosanta sonraí.

Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

In 2020, lean an CRI ar aghaidh le bheith ag cinntiú go gcuireann ár mbeartais, nósanna imeachta agus cumarsáid ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna a fheidhmiú mar chomhlacht poiblí le haired chuí ar ár n-oibleagáidí i ndáil le cearta an duine agus comhionannas faoi alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Íocaíochtaí prasa

Is é beartas an CRI a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Déantar gach iarracht, ar aon dul le nósanna imeachta cearta airgeadais, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den amfhráma riachtanach, de réir an dea-chleachtais. Foilsíonn an CRI tuairiscí ráithiúla um chomhlíonadh ar a shuíomh gréasáin.

Rochtain ar fhaisnéis ar an gcomhshaol

Tugtar le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007) cearta dlíthiúla dóibh siúd a lorgann rochtain ar fhaisnéis ar an gcomhshaol ó údarais phoiblí. In 2020, ní bhfuair an CRI aon iarrataí faoi reachtaíocht um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE RIALÁIL IARNRÓID



Rialáil iarnróid

Le IR 249 (arna leasú le IR 398 2020), tugtar éifeacht do Threoir 2012/34/AE ón gComhairle arna leasú le AE 16/2370 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid. Bunaítear leis an CRI mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách, an Rialálaí agus an Údarás Ceadúnúcháin chun ceanglais na Rialachán a chur i ngníomh. Leagtar gníomhaíocht an CRI i ngach ceann de na réimsí seo i gcomhair 2020 amach thíos.

Údarás ceadúnúcháin do ghnóthais iarnróid

Is é an CRI an tÚdarás ceadúnúcháin a bhíonn freagrach as iarratais ar cheadúnas a mheasúnú agus as ceadúnas a dheonú do ghnóthas iarnróid sa Stát. Údarú is ea seo lena aithníodh cumas an ghnóthais iarnróid seirbhísí iompair iarnróid a sholáthar. Ní féidir le gnóthas iarnróid seirbhís iarnróid a oibriú gan cheadúnas. Don mheasúnacht, caithfidh an gnóthas iarnróid atá ag cur isteach ar cheadúnas a léiriú don Údarás Ceadúnúcháin, roimh thosú a gníomhaíochtaí, go mbeidh sé in ann, tráth ar bith, na ceanglais a chomhlíonadh a bhaineann le dea-cháil, feiliúnacht airgeadais, inniúlacht ghairmiúil agus clúdach dá dhliteanas sibhialta. Ní thugann an ceadúnas ann féin teidlíocht don gnóthas iarnróid teacht ar an mbonneagar iarnróid.

Fuair an CRI iarratais ar athnuachan dhá cheadúnais ghnóthais a bhí le dul in éag, ceann le haghaidh GI-IE agus an dara ceann don RPSI. Rinneadh athbhreithniú ar na hiarratais ar cheadúnúais athnuaithe, agus tar éis a gceadaithe, eisíodh ceadúnais nua don dá ghnóthas iarnróid a bheidh bailí ar feadh cúig bliana.

Comhlacht monatóireachta neamhspleách

Is le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020) lena dtugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 a bunaíodh an CRI mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir BB-IE agus an Aire mar an Údarás Inniúil.

Mar an comhlacht monatóireachta neamhspleách, Is é feidhmeanna an CRI, mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht BB-IE i leith a oibleagáidí faoin gConradh; eadránú a dhéanamh i gcás go dtagann díospóid chun cinn idir na páirtithe maidir le ceanglais an chonartha atá le comhlíonadh, an córas monatóireachta feidhmíochta a d'fhorbair BB-IE a cheadú agus aon treochtaí dianseasmhacha a bhaineann leis an BB-IE, lena bhfuiltear ag teip ó thaobh na feidhmíochta, a chur in iúl don Aire.

An 2ú Aibreán 2020, d'eisigh an CRI a Thuarascáil Bhliantúil BB IE MAC don Aire i gcomhair 2019.

Áiríodh an méid seo a leanas le torthaí buntábhachtacha na tuarascála:

- Bhí próifíl chaiteachais phleanáilte BB-IE mórán ar aon dul lena phróifíl chaiteachais iarbhír le róchaitheamh €0.96m ag deireadh na bliana. Tá an réasúnaíocht agus an fhianaise a soláthraíodh chun cuntas a thabhairt sa róchaitheamh sin sásúil. Baineann an príomh-róchaitheamh le héarlaisí ar an gcraein ar na raonta agus ar na carranna cigireachta ar luach €4.56m.
- Bhí róchaitheamh iomlán de €2.93 ag CCE ag deireadh na bliana ach bhí buiséad na ranna BB eile faoi bhun an mhéid bhuiséadaithe áfach.
- I ndáil le bail sócmhainní, fanann na lochtanna SET réasúnta ard, ach ba cheart a thabhairt faoi deara go mbíonn cion níos airde d'fhabhtanna de dhlúth is d'inneach an trealaimh SE&T i gcomparáid le sócmhainní CCE. Is é 2,176 nóiméad na nóiméid mhoille is inchurtha i leith na 880 locht SET i Ráithe 4.

Ba é 2020 chéad bhliain an IMMAC nua. Athraíodh critéir feidhmíochta laistigh den chonradh nua agus tá trí chatagóir ar leithligh ann anois, mar atá, táscairí conartha, táscairí feidhmíochta agus príomhtháscairí feidhmíochta. Leasaíodh na tuairiscí chuig an Aire leis an raon níos leithne de tháscairí feidhmíochta atá laistigh den chonradh nua a léiriú agus a thuairisciú. Eisíodh na chéad trí thuairiscí ráithiúla chuig an Aire ar aon dul lenár n-oibleagáidí reachtúla mar atá sa chonradh, agus níor tuairiscíodh aon saincheistean na atá ina n-údar imní. Eisíodh tuarascáil bhliantúil IMMAC 2020 i mí an Mhárta 2021.

Sholáthair an BB-IÉ plean oibre bliantúil IMMAC 2021 don CRI i mí na Samhna lena athbhreithniú de réir mar a éilítear leis an gconradh. Níor tarraingíodh aon saincheistean anuas tar éis an athbhreithnithe a rinne an CRI ar an bplean.

Comhlacht rialála

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020) lena dtugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370, bunaíodh an CRI mar an comhlacht rialála chun críocha achomharc nó gearán a bhaineann le hacmhainn bhonneagair, muirir rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

Ní bhfuair an Coimisiún aon achomhairc nó gearáin mar an Comhlacht Rialála in 2020.

TUAIRISC CHUIMSITHEACH AN CHOIMISINÉARA DON AIRE



Mar Choimisinéir, admhálaím freagracht an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid as a chinntiú go mbeidh córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Deartar an córas rialaithe inmheánach chun rioscaí a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas deireadh a chur leo ar fad. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbrathfaí iad go tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Choimisiún don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus chomh fada le data faofa na ráiteas airgeadais.

Tá beartas bainistíochta rioscaí ag an gCoimisiún lena leagtar amach a inghlacthacht ó thaobh rioscaí, na próisis bhainistíochta rioscaí atá i bhfeidhm agus lena dtugtar mionsonraí ar ról agus ar fhreagrachtaí foirne i ndáil le rioscaí. Bíonn an beartas ar fáil don fhoireann ar fad a d'fhéadfadh foláireamh a thabhairt don bhainisteoireacht maidir le rioscaí agus laigeachtaí rialaithe atá ag teacht chun cinn.

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i ngníomh ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, oiread agus is féidir, iad a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún. Sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Fhoireann Bainisteoireachta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. In 2020, rinneadh 6 leasú ar an gclár rioscaí.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach próisis bhuntábhachtach ghnó.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas buiséadúcháin cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainisteoireacht shinsearach súil ghéar air.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe buntábhachtacha sin agus aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairisceoireachta bunaithe ar gach leibhéal mar a bhfuil freagracht as bainisteoireacht airgeadais sannta.
- Déanann an bhainisteoireacht shinsearach athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tráthúla agus bliantúla lena dtugtar feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí le fios.

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an CRI le cinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Cuirtear ceisteanna, a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar, chun solais faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CRI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe rioscaí. Treoraítear monatóireacht agus athbhreithniú an CRI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh de réir obair ár n-iniúchóireachta inmheánaí, na hiniúchóireachta seachtraí agus na bainiseoireachta sinsearaí laistigh den CRI.

Tá Cód Iompair agus Eiticí curtha i bhfeidhm d'fhostuithe.

Táthar ag comhlíonadh bheartas an Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmmeanaigh agus gach fostaí de chuid Comhlachtaí Stáit. Foilsítear mionsonraí ar thuarastal an Phríomhfheidhmeanaigh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár comhardaithe a bheith foilsithe.

Comhlíonann an CRI gach gné de bheartais taistil an Rialtais.

Comhlíonann an CRI na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní.

Comhlíonann an CRI gach dlí cánach ábhartha.

Tá an CRI ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

AGUISÍNÍ



Aguisín 1

Litreacha ceadaithe chéimeanna APIS

Tábla A1.1
Litreacha 'Údarú le Cur i mBun Seirbhíse' a eisíodh in 2020


	Coincheap	Dearadh tosaigh	Dearadh mion-sonraithe	T & C	Oibriú Eatramhach	Seirbhís
Céimeanna APIS	1	2	3	4	5	6
Bonneagar						
LUAS Traschathrach					■	
Tardhroidh Acomhal Dhún Citil (2)			■			
Tardhroidh Scéim Cosanta i gCoinne Tuilte Inis Córthaidh			■			
Tardhroidh Scéim Sheachbhóthar Chill Dalua			■			
Tardhroidh Líne Chluain Saileach chuig Páircbhealach an M3			■			
Tardhroidh Bóthar Dáileacháin an Deiscirt Bhaile Átha Í			■			
Tardhroidh Stáisiún Mheathas Troim			■			
Tardhroidh Stáisiún Cheatharlach			■			
Tardhroidh Bóthar Alexandra			■			
Fodhroidh Líne Bhaile Átha Cliath/na Gaillimhe (3)					■	
Glasbhealach na Canálach Ríoga					■	
Tardhroidh do Choisithe Corcaigh/Mainistir na Corann					■	
Tardhroidh Bhaile Átha Cliath/Corcaigh						■
Córas tacaíochta maidir le cinntí ag crosairí comhréidhe a oibríonn úsáideoirí (8)					■	
Ardán Ghabhal Luimnigh					■	
NTCC		■				
CCRP				■	■	■
Rothstoc						
Tram athrúcháin Citidas 502					■	■
22000 DMUanna	■					
Gluaisteoir Loch Duibhlinne						■

Aguisín 2


Líon na bpaisinéirí ar na córais iarnróid troma agus éadroma 2020

Mar gheall ar shrianta COVID-19, tugadh teorainneacha 50% agus 25% isteach ar acmhainn an iompair phoiblí laistigh de leibhéil dhifriúla na srianta. Ní éascóidh figiúir 2020 le hanailís ar threochtaí maidir le úsáid iompair phoiblí mar sin sa tréimhse idir an gearrthéarma agus an meántéarma. Soláthraítear na figiúir thuairiscithe ar mhaithe le faisnéis.

Léaráid A2.1
Turaís ag paisinéirí ar
líonra iarnród Éireann



Léaráid A2.2
Turaís ag paisinéirí ar
líonra LUAS



Aguisín 3

Torthaí CRI (moltaí) arna ndéanamh d'eagraíochtaí iarnróid

Cuirtear an stádas i láthair sna táblaí seo a leanas maidir le torthaí (moltaí) de chuid an CRI arna ndéanamh d'eagraíochtaí iarnróid. Déantar iad sin tar éis iniúcháireachtaí, cigireachtaí nó tar éis imscrúdú iar-eachtra (timpist/tionóisc) de ghnáth.

Rinneadh dul chun cinn in 2020 agus cé gur cosúil go bhfuil roinnt figiúr sa Chatagóir 'Oscailte' ard, ní gá go gciallaíonn sé sin nach ndearnadh gníomh ar bith, ach go bhfuiltear i mbun oibre chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí a fuair Cigirí an CRI.

Tábla A3.1
Stádas thorthaí CRI

Gníomhaíocht	Oscailte		Críochnaithe		Dúnta	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna
Torthaí CRI i gcomhair BB-IE amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	30	12	2	6	240	67
Cigireachtaí	53	17	1	0	10	4
Cigireachtaí iar-eachtra	38	11	12	3	58	16
Torthaí CRI i gcomhair GI-IE amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	7	7	15	10	109	30
Cigireachtaí	10	3	1	1	25	7
Cigireachtaí iar-eachtra	4	1	5	0	19	6
Torthaí CRI i gcomhair Transdev amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	43	10	22	0	34	5
Cigireachtaí	6	0	0	0	2	0
Cigireachtaí iar-eachtra	3	0	0	1	1	0
Torthaí CRI i gcomhair NIR amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	5	2	0	0	3	2
Cigireachtaí	0	0	0	0	1	0
Cigireachtaí iar-eachtra	0	0	0	0	0	0
Torthaí CRI i gcomhair RPSI amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	7	0	19	2	10	1
Cigireachtaí	2	0	3	0	0	0
Cigireachtaí iar-eachtra	0	0	2	0	0	0

Tábla A3.1
Stádas thorthaí CRI

Gníomhaíocht	Oscailte		Críochnaithe		Dúnta	
	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna	GRanna	NRanna
Torthaí CRI i gcomhair RSI* amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	0	0	0	0	0	0
Cigireachtaí	0	0	0	0	0	0
Cigireachtaí iar-eachtra	0	0	0	0	0	0
Torthaí CRI i gcomhair BNM amhail 31/12/2020						
Iniúcháireacht	5	3	0	0	0	0
Cigireachtaí	0	0	0	0	0	0
Cigireachtaí iar-eachtra	0	0	0	0	0	0

*Nóta: An 08/07/2019 chuir Rhomberg Sersa Ireland (RSI) tús le hoibriúchán mar Shealbhóir Deimhnithe GI a oibríonn agus a chothabhálann flít na nInneal ar na Raonta de chuid BB-IÉ. Pleanáladh gníomhaíocht maoirseachta in 2020 ach mar gheall ar phaindéim COVID-19 níor tugadh faoi aon iniúcháireachtaí, chigireachtaí ná cigireachtaí iar-eachtra. Dá thoradh sin, níl aon torthaí gníomhaíochta maoirseachta fós le comhlíonadh.

Moltaí sábháilteachta an AITI

Uasdátaíodh na catagóirí stádais i mí Iúil 2019, agus an stádas 'Críochnaithe' á dhealú ina dhá leath, 'Curtha Isteach' agus 'TFI' (Tuilleadh fianaise iarrtha) chun cásanna ina ndearnadh gníomhartha a léiriú.

Is iad seo a leanas na catagóirí stádais:

Oscailte/Ar Siúl

Táthar ag feitheamh le hAiseolas (Fianaise) ó Eagraíocht Iarnróid (nó ó pháirtí eile) nó níl gníomhartha críochnaithe go fóill.

Curtha Isteach

Tá aighneacht curtha isteach chuig an CRI ag an Eagraíocht Iarnróid (nó ag páirtí eile), á thabhairt le fios go bhfuil bearta déanta chun an moladh a chur i bhfeidhm agus tá an CRI ag meas cibé acu an ndúnfar an moladh.

TFI (Tuilleadh Fianaise iarrtha)

Tá athbhreithniú déanta ag an CRI ar aighneacht (nó ar aighneacht thairis sin) ach measann go bhfuil tuilleadh fianaise riachtanach chun clabhsúr a chur leis an moladh sábháilteachta..

Dúnta

Rinne an CRI athbhreithniú ar aighneacht (nó ar aighneacht bhreise) agus tá sé sásta gur tugadh aghaidh ar an moladh ó thaobh na sábháilteachta.

Tábla A3.2
Moltaí sábháilteachta ón AITI

Bliain	Líon na dTuairiscí	Líon na moltaí				
		Oscailte	Curtha Isteach	TFI	Dúnta	Iomlán
2010	5	1	0	0	25	26
2011	6	0	0	2	15	17
2012	3	0	0	0	13	13
2013	3	0	0	1	9	10
2014	6	0	0	5	21	26
2015	2	0	0	2	2	4
2016	3	7	0	2	11	20
2017	1	2	0	2	5	9
2018	1	4	0	2	3	9
2019	4	18	0	11	7	36
2020	4	10	0	5	4	19
Iomlán	45	42	0	32	149	223
Líon iomlán na moltaí arna ndéanamh go dtí seo						223

Aguisín 4

Staitisticí na dtáscairí sábháilteachta

Tábla A4.1

Staitisticí Iarnród Éireann maidir le básanna & gortuithe

Catagóir	'10	'11	'12	'13	'14	'15	'16	'17	'18	'19	'20	Treocht
Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí												
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Bonneagar Iarnróid: gortuithe marfacha do thríú páirtí												
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach a bhain d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach a bhain d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach d'fhostaí nár tharla de bharr gluaiseacht traenach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Bonneagar Iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe												
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach d'fhostaí nár tharla de bharr gluaiseacht traenach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	

Tábla A4.1

Staitisticí iarnród Éireann maidir le básanna & gortuithe


Catagóir	'10	'11	'12	'13	'14	'15	'16	'17	'18	'19	'20	Treocht
Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile												
Gortú marfach de bharr gluaiseacht traenach ní ag crosaire comhréidh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairteoir, gan traein	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	8	7	5	4	6	2	5	12	9	4	7	
Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí												
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, de bharr tionóisce iarnróid ní ag crosaire comhréidh		0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, de bharr tionóisce iarnróid ag crosaire comhréidh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	64	46	41	39	45	48	79	57	74	76	42	
Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc iarnróid	28	10	27	43	18	15	31	33	46	38	9	
Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí												
Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	0	1	2	0	0	0	0	0	1	1	0	
Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein	0	2	5	1	0	0	0	0	1	1	2	
Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile												
Gortú do chustaiméir nó do chuairteoir ar áitreabh	85	113	116	193	205	146	192	321	199	288	122	
Gortuithe do dhaoine eile daoine neamhúdairithe san áireamh	0	0	5	3	0	1	2	6	0	2	0	

Tábla A4.1

Staitisticí Iarnród Éireann maidir le básanna & gortuithe

Catagóir	'10	'11	'12	'13	'14	'15	'16	'17	'18	'19	'20	Treocht
Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe												
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	11	7	13	5	21	3	1	15	13	7	8	
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, tharla le linn oibre ar an iarnród ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	27	22	32	39	43	32	30	30	13	35	16	
Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe												
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	1	2	1	0	0	0	0	0	0	0	0	
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, tharla le linn oibre ar an iarnród ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	30	23	32	41	25	6	23	22	26	24	20	
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, tharla le linn oibre ag crosaire comhréidh ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	0	0	1	1	2	0	3	1	1	0	3	
Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe												
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Tionóisc ag fostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, tharla le linn oibre ar an iarnród ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	10	18	10	14	18	13	11	10	12	15	4	

Léaráid A4.1
Líon iomlán na
nimbhualtí traenach
de réir bliana




Tábla A4.2
Staitisticí maidir le himbhualtí traenach de réir na bliana de réir catagóirí

Catagóir	'11	'12	'13	'14	'15	'16	'17	'18	'19	'20	Treocht
Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar líne reatha	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Imbhualadh traenach/feithicle iarnróid i stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú	0	1	1	1	1	1	2	1	1	4	
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crotaire comhréidh	1	2	1	2	0	0	3	1	2	1	
Imbhualadh traenach le coisí ag crotaire comhréidh	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crotaire comhréidh	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crotaire comhréidh)	0	1	1	0	1	1	0	0	0	0	
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	7	6	7	29	1	31	25	23	8	29	
Imbhualadh traenach le hainmhí mór nó ainmhithe móra ar an líne	35	26	29	9	29	35	23	11	11	38	
Iomlán	43	36	39	41	33	68	53	36	22	72	

Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADanna)

Sainmhínítear SPAD mar rud atá tarlaithe nuair a théann traein thar comhartha stad (dearg) gan údarás. Imeacht réamhtheachta ar leith a bhíonn iontu a ndéanann an CRI monatóireacht orthu ag a gcruinnithe maoirseachta le IÉ. Laghdú ar líon na réamhtheachtaí seo is ea an treocht atá ann le blianta beaga anuas.

Léaráid A4.2
Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstu




Traenacha a d'imigh de na ráillí

Fanann líon na dtraenacha a imíonn de na ráillí ar leibhéal ísle.


Léaráid A4.3

Traenacha a d'imigh de na ráillí



Léaráid A4.4


Tionóiscí tráchtar bhóithre (imbhuailtí) a bhain le tramanna de réir na bliana



Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADanna) LUAS

Tarlaíonn eachtraí SPAD ar líonra LUAS freisin, cé nach n-aithníonn an córas comharthaíochta iad seo go huathoibríoch. Ina áit sin, bítear ag brath ar an tiománaí féintuairisciú a dhéanamh i gcás go dtéann siad thar chomhartha contúirte. Níl ach staitisticí teoranta ar fáil i gcomhair na gceithre bliana roimhe don táscaire seo, toisc go meastar gur catagóir sábháilteachta réasúnta nua atá ann i gcomhair an iarnróid éadroim.


Léaráid A4.5
SPADanna LUAS



Tramanna a d'imigh de na ráillí

Tá líon na dttramanna a imíonn de na ráillí fós ag leibhéal ísle agus tuairiscíodh aon chás amháin inar imigh tram den phríomhlíne in 2020.

Léaráid A4.6
Tramanna a d'imigh
de na ráillí



Staitisticí breise maidir le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta

In 2020, ní raibh ag Rhomberg Sersa ach díreach dhá tharlú intuairiscithe, arbh ionann é sin agus an figiúr in 2019 agus mórán mar a bhí i mblianta roimhe. Is é traein ag imeacht de na ráillí go mall i dtaobhlach Iarnród Éireann a bhí i gceist leis na tarluithe intuairiscithe sin chomh maith le heachtra SPAD ina ndeachaigh Carr Cigireachta, a bhí ag taisteal ó Bhéal an Átha chuig Cill Dara thar chomhartha contúirte AE412 ag Baile Átha Luain gan údarás.

In 2020, thuairiscigh BNM dhá tharlú chuig an CRI, mar a leanas:

- Vaigín leibhéalta a rith ar shiúl is a bhuail faoi gheataí crosaire comhréidh; agus
- Feithicil bhóthair a bhuail faoi gheataí crosaire comhréidh.

Ní raibh aon tarluithe tuairiscithe ag an Railway Preservation Society of Ireland nó ag aon cheann de na hiarnróid oidhreacht a bhí i mbun oibriúcháin in 2020. É sin ráite, thug cigirí an CRI cuairt, nuair a bhí sin ceadaithe de réir leibhéal na srianta, ar roinnt de na gnóthais sin agus cigireacht á déanamh acu ar rothstoc agus ar shócmhainní bonneagair agus ar a gcórais bhainistíochta sábháilteachta faoi seach.

Aguisín 5

Deimhnithe sábháilteachta na n-iarnród oidhreachta

Tábla A5.1
Iarnróid Oidhreachta le deimhniú sábháilteachta reatha

Iarnród Éadrom Dhuibhlinne Páirc Oakfield Ráth Bhoth Co Dhún na nGall	Iarnród caol príobháideach is ea Iarnród Éadrom Dhuibhlinne, 4.5km ar a fhad, ar thailte Dhiméin Pháirc Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Ritheann an líne trí gharraithe éagsúla a bhfuil tírdhréachtú déanta ortu lena n-áirítear gnéithe mar fhaichí, lochanna, coillte, móinéir agus srutháin.
Cumann Traenach na Gaeltacht Lair Baile na Finne Co. Dhún na nGall	Iarnród caol is ea Cumann Traenach na Gaeltacht Láir atá 4.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó Bhaile na Finne chuig rinn ar a dtugtar 'Ceann an Locha'. Tionscadal ar leis an gcomhphobal é atá maoinithe ag an Rialtas agus oscailte don phobal ar dhátaí sonraithe.
Irish Steam Preservation Society Iarnród Caol Sráidbhaile Co. Laoise	Tá an t-iarnród caol ag Irish Steam Preservation Society, a luaitear ar a chuid margaíochta mar Mhearthraein Choillearnach Shráidbhaile, lonnaithe i gcoillearnach Eastát Halla Shráidbhaile trí aontú léasa leis an tiarna talún. Iarnród caol atá ann, 800m ar a fhad. Oibríthe deonacha a fheidhmíonn an tiarnród chun críocha oidhreachta agus áineasa.
Traein Aonráille Lartigue Bóthar John B Keane Lios Tuathail Co. Chiarraí	Tá Traein Aonráille Lartigue, LMR, suite ar bhóthar John B Keane, Lios Tuathail, Co. Chiarraí. Tá trí limistéar suaithinseacha san iarnród, mar atá, an Príomhláithreán, an Iarsmalann agus an Láithreán bunaidh. Tá an t-iarnród féin suite laistigh den phríomhláithreán. Tá an bealach isteach chuig an láithreán i gceist le cuid na hIarsmalainne, chomh maith leis an gcarrchlós agus foirgneamh na hIarsmalainne. Ar chúil an charrchlóis tá an Láithreán bunaidh mar a aimsíodh Lartigue 1886, ar nochtadh a iarsmaí.
Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Teo. Loilíoch Mór Ráth Iomgháin Co. Chill Dara	Turas lúbtha 1km ar a fhad is ea Iarnród Oidhreachta Loilíoch Mór trí thailte laghortaigh atá á n-athshlánú i bPáirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara.
Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire Stáisiún Chill Mhíodáin Cill Mhíodáin Co. Phort Láirge	Iarnród caol is ea Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire idir Stáisiún Chill Mhíodáin agus Carraig na bhFraochán, Cathair Phort Láirge. Ritheann sé ar chuid den líne iarnróid tréigthe idir Port Láirge agus Mala. Tá an tiarnród 10km ar a fhad. Bord Stiúrthóirí deonacha a dhéanann maoirseacht ar an gCuideachta.
Iarnród an Chabháin & Liatroma Dromod Co. Liatroma	Iarnród caol is ea Iarnród Iarnród an Chabháin & Liatroma atá 0.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó stáisiún Dhromaí chuig pointe istigh agus amuigh ar 90 méadar ó bhóthar Mhaothail-Dhromaí ar raon bunaidh Iarnród an Chabháin agus Liatroma.

Tábla A5.2
Iarnróid Oidhreachta nach bhfuil deimhniú sábháilteachta reatha acu

Cuideachta Iarnród Gaile Thrá Lí-An Daingean Teo Halla an Bhaile Cé an Phrionsa Thrá Lí Co. Chiarraí	Iarnród caol is ea Iarnród Thrá Lí-An Daingean atá 3km ar a fhad agus a ritheann ó Stáisiún an Bhaile Aird ag Trá Lí chuig Stáisiún Chathair Uí Mhóráin. Ritheann an tiarnród ar feadh líne na líne iarnróid dúnta idir Trá Lí agus an Daingean.
Iarnród an Chláir Thiar Teo Gabhal Mhaigh Sheasta Cill Rois	Iarnród caol is ea Iarnród an Chláir Thiar, a oibrítear thar 4km de raonta. Tá lár an iarnróid ag an iarsláisiún ag Maigh Sheasta, in aice Chill Rois Co. an Chláir mar a bhfuil teach bunaidh an stáisiúin athchóirithe le bheith ina iarsmalann. Ritheann an líne atá á húsáid thar leaba raonta bunaidh Iarnród an Chláir Thiar.

Aguisín 6

Gluais

APIS	Údarú le Cur i mbun Seirbhíse
BNM	Bord na Móna
CCRP	Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach
CILT	Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair
CRI	Coimisiún um Rialáil Iarnróid
DGSA	Comhairleoir um Earraí Contúirteacha
DoT	An Roinn Iompair
ECM	Aonán i gCeannas ar Chothabháil
EFTA	Comhlachas Saorthrádála na hEorpa
ERA	Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid
ETCS	Córas Eorpach um Rialú Traenacha
FoI	Saoráil Faisnéise
GSM-R	Córas Uilíoch don Chumarsáid So-Ghluaiste – Iarnród
ICDMU	Aonaid Iolracha Díosail Idirchathrach
BB-IÉ	Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann
GI-IÉ	Gnóthas Iarnróid Iarnród Éireann
IMMAC	Conradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair
LCC	LUAS Traschathrach
NIR	Iarnród Thuaisceart Éireann Translink
NR	Rialacha Náisiúnta
NSA	Údarás Náisiúnta Sábháilteachta
NTCC	Ionad Náisiúnta um Rialú Traenacha
OHLE	Trealamh na Líne Lastuas
OTM	Inneall Ar Raonta
AITI	Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid
RISC	Coiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Iarnróid
RPSI	Railway Preservation Society of Ireland
RSA	Acht um Shábháilteacht Iarnróid
RSI	Rhomberg Sersa Ireland
SMS	Córas Bainistíochta Sábháilteachta
TII	Bonneagar Iompair Éireann
TPS	Córas Cosanta Traenach
TSI	Sonraíocht Teicniúil maidir le hIdir-Inoibritheacht

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen as ucht a chead a gcuid íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo



Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Átha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie